C/2024/674

12.1.2024

Foilsiú iarratas ar cheadú leasaithe, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

(C/2024/674)

Leis an bhfoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne chur i bhfeidhm an leasaithe de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR CHEADÚ LEASAITHE AR LEASÚ AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH/TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT NACH MIONLEASÚ É

Iarratas ar fhormheas a dhéanamh ar leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

'Gamoneu / Gamonedo'

Uimh. AE: PDO-ES-0308-AM01 – 17.9.2021

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach**

Consejo Regulador de la Denominación de Origen Protegida 'Gamoneu' [Bord Rialála do ATFC 'Gamoneu']

Seoladh: Plaza de Camila Beceña, Bajo, 33550, Cangas de Onís, Asturias

Teileafón: +34 985947554

R-phost: info@dopgamoneu.com

Suíomh gréasáin: www.dopgamoneu.com

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó**

☒ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar an táirge

☒ Limistéar geografach

☒ Cruthúnas ar thionscnamh

☒ An modh táirgthe

☐ Nasc

☒ Lipéadú

☒ Eile [le sonrú]

— An reachtaíocht is infheidhme

— Comhlacht rialaithe

— Comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú

4. **Cineál an leasaithe nó na leasuithe**

☒ Leasú ar an tsonraíocht táirge de ATFC nó TGFC cáilithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) . 1151/2012.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

□ Leasú ar an tsonraíocht táirge de ATFC nó TGFC cláraithe nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná doiciméad coibhéiseach) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5. **Leasú nó leasuithe**

Moladh na leasuithe sin chun áirithiú go sonraítear an t-ainm iarbhír den táirge sa tsonraíocht táirge, agus chun athruithe a thabhairt isteach maidir le fairsinge an limistéir gheografaigh, an liosta pór a n-úsáidtear a mbainne, an aiste bia a thugtar do bheostoc chun marthanas na bpór sin a áirithiú, saintréithe fisiceacha na gcáiseanna ATFC, na próisis atá mar pháirt i ndáiríre i dtáirgeadh agus uainiú na gcéimeanna éagsúla, an comhlacht rialúcháin, na téarmaí traidisiúnta a úsáidtear le haghaidh an táirge sin, rialacha lipéadaithe agus an reachtaíocht is infheidhme. Is é is cuspóir do na leasuithe an nasc idir an táirge agus an limistéar áitiúil a neartú, a fhad agus a choinnítear barántúlacht, cáilíocht agus saintréithe an táirge dheiridh.

5.1. ***Roinn A) AINM AN TÁIRGE***

Athraíodh an t-ainm, a litrítear 'Gamoneu' faoi láthair ina leagan Astúirise, go 'Gamonéu', agus baineadh an leagan Spáinnise, 'Gamonedo', ón téacs. Rinneadh an leasú sin aon áit a luaitear ainm an táirge sa tsonraíocht táirge.

Míniú: athraíodh ainm an táirge ó 'Gamoneu' go 'Gamonéu' (le haiceann ar an 'e') áit ar bith a luaitear é sa tsonraíocht táirge, toisc gurb í sin an litríocht a bunaíodh i bhForaithne 8/2009 an 4 Feabhra 2009 ina liostaítear logainmneacha oifigiúla le haghaidh limistéar bardasach Cangas de Onís (cód logainm 12/03/01). Toisc gurb é 'Gamonéu' an t-ainm a aithnítear, baineadh an leagan Spáinnise 'Gamonedo' toisc go meastar go bhfuil an leagan sin imithe i seandacht agus nach é an t-ainm a úsáidtear don bhaile a thugann a ainm don ainmniúchán faoi chosaint.

An reachtaíocht is infheidhme:

— Foraithne 8/2009 an 4 Feabhra 2009 ina liostaítear logainmneacha oifigiúla le haghaidh limistéar bardasach Cangas de Onís.

5.2. ***Roinn B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE***

5.2.1. *Sainmhíniú*

An téacs seo a leanas:

Cáis le craiceann nádúrtha lánmhéathrais atá inti, aibithe agus deataithe go héadrom le blás beag múscáin ghoirm a bhfuil dath scothghorm-glas inti gar do na himill, déanta as bainne amh bó, caorach, gabhair, nó as meascán an dá nó na dtrí chineál bainne sin uile.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Cáis le craiceann nádúrtha lánmhéathrais aibithe atá inti déanta as bainne amh bó, caorach **nó** *gabhair, nó as meascán an dá nó na dtrí chineál bainne sin uile.*

Míniú: seo iad athruithe ar an bhfoclaíocht.

Tugann úsáid an chónaisc chopailigh 'agus' i liosta na gcineálacha bainne sa téacs atá ann faoi láthair le tuiscint go ndéantar na cáiseanna as na trí chineál uile, cé go luaitear sa sainmhíniú gur féidir iad a dhéanamh ag baint úsáid ó speiceas aonair nó le meascán an dá nó na dtrí chineál. Soiléirítear é sin leis an gcónasc deighilteach 'nó' a chur in ionad an chónaisc chopailigh 'agus' agus tá sé i gcomhréir leis an sainmhíniú sin. Chun ainmníocht tacsanomaíoch cheart a léiriú agus comhsheasmhacht ar fud na sonraíochta táirge a áirithiú, déantar an géineas *Múscán gorm* a litriú anois le ceannlitir tosaigh.

Toisc go sainmhínítear na saintréithe céadfacha níos déanaí sa téacs, baineadh na focail 'deataithe go héadrom' agus 'le blás beag scothghorm-glas *múscáin ghoirm* gar do na himill' ón sainmhíniú ar an táirge chun athshonrú a chosc agus chun nach gcuirfear mearbhall ar an léitheoir.

5.2.2. *Pórtha*

An téacs seo a leanas:

Ní mór cáis 'Gamoneu'/'Gamonedo' a dhéanamh le bainne ó na speicis agus na pórtha seo a leanas:

— *Bó: Frisona (Freaslannach), Asturiana de los Valles (Gleann Asturias), Pardo Alpina (Donn na Spáinne) agus crosantaigh na bpórtha sin.*

— *Caora: Lacha (Lacho), Carranzana (Vasca Carranzana), Milschalfe (Freaslannach an Oirthir) agus crosantaigh na bpórtha sin.*

— *Gabhar: Alpino-Pirenaica (Piréineach-Alpach), Picos de Europa, Murciano-Granadina (Murcia-Granada), Saanen agus crosantaigh na bpórtha sin.*

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór cáis 'Gamonéu' a dhéanamh le bainne ó na speicis agus na pórtha seo a leanas:

— *Bó: Frisona (Freaslannach), Asturiana de los Valles (Gleann Asturias),* **Asturiana de la Montaña (Sliabh Asturias), Parda (Donn), Parda de Montaña (Donn na Sléibhte), Fleckvieh, Geirsí** *agus crosantaigh na bpórtha sin.*

— *Caora: Lacha (Lacho), Carranzana (Vasca Carranzana),* **Milchschaf** *(Freaslannach an Oirthir),* **Assaf** *agus crosantaigh na bpórtha sin.*

— *Gabhar:* **Cabra Alpina (Alpach)**, *Cabra* **Pirenaica (Piréineach)**, *Murciano-Granadina (Murcia-Granada), Saanen,* **Malagueña (Málaga), Florida (Florida Sevillana), Cabra del Guadarrama (Guadarrama), Bermeya** *agus crosantaigh na bpórtha sin.*

Míniú: tá cuimsiú na bpórtha gabhair Málaga, Florida Sevillana, Guadarrama agus Bermeya á iarraidh toisc go bhfuil fréamhacha gineolaíocha acu uile i gcoiteann leis na pórtha Alpacha agus Piréineacha (liostaithe i gcatalóg oifigiúil pórtha na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia), agus meastar gurb é *Capra aegagrus* an sinsearach atá i gcoiteann acu. Scriosadh an tagairt do 'Picos de Europa' chun athshonrú a sheachaint, ós rud é nach liostaítear an pór sin sa chatalóg oifigiúil pórtha agus nach meastar anois gur pór ar leithligh ó ghabhair Phiréineacha é.

Ós rud é go bhfuil cúlra ginealaigh comhroinnte ag na pórtha gabhar sin agus go dtáirgeann siad bainne a bhfuil saintréithe comhchosúla aige, ní bhíonn mórthionchar aige sin ar na saintréithe orgánaileipteacha ná ar na saintréithe cáilíochta den cháis (próitéiní, vitimíní, saillte, einsímí, lachtós, etc.). Ní bhíonn mórán tionchair ag géinitic na bpórtha nua ar shaintréithe an táirge deiridh.

Agus aghaidh á tabhairt ar chaoirigh, cuireadh an pór Assaf san áireamh toisc go ndearnadh é a phórú ó fhireannaigh an phór Milchschaf (Freaslannach an Oirthir), a bhí liostaithe cheana féin sa tsonraíocht táirge. Tar éis seiceáil a dhéanamh ar an litríocht ábhartha, ceartaíodh 'Milschalfe' go 'Milchschaf'.

Tá athrú ar na pórtha eallaigh á iarraidh toisc nach dtugtar aitheantas a thuilleadh don 'Pardo Alpina' (Donn na Spáinne), rinneadh an liosta a leasú mar sin chun dhá phór a dhíorthaítear as a chur san áireamh, 'Parda' (Donn) agus 'Parda de Montaña' (Donn na Sléibhte). Tá an dá cheann acu liostaithe i gcatalóg oifigiúil pórtha na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Iarradh go gcuirfear pór Asturiana de la Montaña (Sliabh Asturias) san áireamh toisc gur pór dúchasach i mbaol atá ann a chomhroinneann a thionscnaimh agus a fhorbairt le heallaigh Asturiana de los Valles sa mhéid agus go bhfuil sé ar cheann de na grúpaí póir ar a dtugtar *tronco castaño* ['stoc a bhfuil dath crón orthu'], gurb as an Eoraip de thionscnamh é agus gur féidir gur tugadh isteach é trí na hionraí Ceilteacha. Bhíodh sé i gcónaí ann ar fud Asturias agus León suas go dtí lár an 20ú céad, nuair a tháinig laghdú ar a líon go dtí nach raibh ach líon iontach beag ann mar gheall ar allmhairiú ollmhór pórtha eachtracha. Go luath sna 1980idí cuireadh tús le céimeanna chun an pór a aischur agus a fheabhsú agus bunaíodh comhlachas póraitheoirí. Lena chuimsiú sa liosta pórtha bheadh sé mar chabhair leis an bpór dúchasach sin a chaomhnú mar fhoinse cáiseoireachta sa limistéar táirgthe.

Iarradh go gcuirfear pórtha eallaigh Fleckvieh agus Geirsí san áireamh ar na forais go bhfuil fréamhacha ginealaigh acu i gcoiteann leis an bpór 'Parda', iad uile síolraithe ó *Bos taurus*.

Ós rud é go bhfuil cúlra ginealais comhroinnte ag na ba sin, tá saintréithe cosúla ag a mbainne, mar sin ní bhíonn tionchar mór ar na saintréithe orgánaileipteacha, fisiciúla agus ceimiceacha na cáise ag na pórtha sin a chur isteach.

Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar chur isteach na bpórtha sin ar shaintréithe an táirge deiridh mar a shainmhínítear sa tsonraíocht táirge, rinneadh staidéar (i gceangal leis an iarratas seo leis an uimhir thagartha 20190201) chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh difear do shaintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha cháis ATFC 'Gamonéu' mar gheall ar úsáid bainne ó bha Fleckvieh, chaoirigh Assaf, nó ghabhair Málaga nó Florida. Bhain an staidéar sin le tástáil a dhéanamh ar shamplaí cáiseanna a rinne cáiseoirí cláraithe agus iad ag úsáid bainne ó na pórtha sin, ag áirithiú go ndearnadh na cáiseanna a dhéanamh, a láimhseáil agus a aibiú sna coinníollacha a bunaíodh sa tsonraíocht táirge. Rinneadh anailís ar na samplaí sin ag an Saotharlann Bainne agus Agraibhia Idir Thionscail Asturias (le haghaidh tástáil chéadfach), eagraíocht ag a bhfuil taithí ar ATFC 'Gamonéu' a thástáil, agus ag saotharlann ALCE Calidad (le haghaidh tástáil fhisiciúil agus cheimiceach), tástálaí creidiúnaithe na bparaiméadar a gceanglaítear le haghaidh an staidéir seo. Léiríonn torthaí na dtástálacha sin nach ndéantar difear le húsáid bainne ó na pórtha a liostaítear sa leasú sin leis an gcion céanna a úsáidtear de ghnáth sa phróiseas cáiseoireachta ar na saintréithe fisiciúla, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na cáise, toisc go dtáirgeann pórtha a bhfuil cúlraí ginealaigh cosúla acu bainne ag a bhfuil saintréithe comhchosúla, agus toisc go mbíonn saintréithe an táirge nasctha leis an gcomhshaol áitiúil agus leis an modh táirgthe.

Bibleagrafaíocht

— Gabriel E. Fernández de Sierra, Silvia Adán Belmonte, María E Camacho Vallejo, Águeda L. Pons Barro, Cecilio J. Barba-Capote, Jordi Jordana Vidal, Pilar Zaragoza, Inmaculada Martín Burriel, José M. León-Jurado, Sergio Nogales-Baena, Ana Cabello-Salinas, Pablo Gámiz-Ramírez, Juan M. Micheo Puig, Javier Pleguezuelos, Montserrat Vidilla Gil, Pere M. Parés Casanova, Irina Kucherova agus Juan V. Delgado Bermejo (2016). *Biodiversidad caprina en CSE* [Bithéagsúlacht i nGabhair na Spáinne].

— Herrera García, M., Peña Blanco, F., Pezzi Ceretto, M. Á., agus Rodero Serrano, E. (1998). *La cabra Malagueña en la Bibliografía* [Gabhair Málaga i mBibleagrafaíocht].

— Mendizábal Aizpuru, J. A., Ibarbia Barreras, J. R. agus Etxaniz Makazaga, J. M. (2005). *Aportaciones a la historia de la raza vacuna pirenaica. Paradigma de la Zootecnia española.* [Ábhar a cuireadh le stair póir eallaigh Pirenaica. Paradím a bhaineann le táirgeadh beostoic na Spáinne]. *Archivos de zootecnia* [Cartlanna Feirmeoireachta Ainmhithe], 54 (205).

— An Roinn um Tháirgeadh Beostoic, Ollscoil León 24071-León (2012). *Programa de mejora de la raza bovina parda* [Clár Feabhsaithe maidir le Pór Eallaigh Dhoinn].

— Catalóg oifigiúil pórtha na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia: https://www.mapa.gob.es/es/ganaderia/temas/zootecnia/razas-ganaderas/razas/

5.2.3. *Tagairtí do sheiceálacha ar tháirge*

Scriosadh an méid seo a leanas ó Roinn B) Tuairisc ar an táirge agus bogadh é chuig Roinn D) Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar:

Ní mór na gabháltais bheostoic a tháirgeann an bainne a úsáidtear chun cáis 'Gamoneu'/'Gamonedo' a dhéanamh a mhaoirsiú ag an mbord rialála chun críocha iontrála sna cláir ábhartha.

Míniú: is é is cúis leis an leasú sin go ndearnadh an tsonraíocht táirge a athstruchtúrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí.

5.2.4. *Tagairtí don bhealach ina ndéantar an táirge*

Scriosadh na míreanna seo a leanas ó Roinn B) Tuairisc ar an táirge agus bogadh iad chuig Roinn E) Modh táirgthe:

Ní mór don bhord rialála glacadh le teicnící a spreagadh a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar mhéid agus ar cháilíocht an bhainne a tháirgeann tréada agus ealtaí. [...]

Ní mór bleán a dhéanamh tríd an teicníc is fearr is féidir a úsáid chun bainne glan, sláinteach a bhfuil ualach íseal miocróbach aige a fháil, agus na rialacha atá i bhfeidhm á gcur san áireamh. [...]

Más rud é nach mór an bainne a thógáil agus a iompar chuig áit eile, ní mór sláinteachas ar ardchaighdeán a chomhlíonadh sa phróiseas seo, lena n-áirítear umair chuisnithe a úsáid nó aon chóras eile a chuireann cosc ar mheath ag teacht ar cháilíocht an bhainne. [...]

Ní mór don bhord rialála tabhairt isteach dreasachtaí a chur chun cinn le haghaidh gabháltas a shuiteálann trealamh le haghaidh bleáin, bainne a fhuarú, bainne a leasú agus bainne a iompar nó a dhéanann an trealamh atá acu faoi láthair a uasghrádú.

Míniú: is é is cúis leis an leasú sin go ndearnadh an tsonraíocht táirge a athstruchtúrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí.

Scriosadh an méid seo a leanas:

Ní mór an bainne atá le húsáid chun cáiseanna ATFC a dhéanamh a chuisniú tar éis an bhleáin agus é a choinneáil fuaraithe go dtí go gcuirfear tús leis an gcáiseoireacht.

Míniú: is féidir na rialacha maidir le bainne amh a stóráil a fháil i bpointí II(B)(2) agus II(B)(4) faoi Chaibidil I Roinn IX de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Tá an tuairisc a thugtar sa tsonraíocht táirge atá i bhfeidhm faoi láthair míchruinn, mar ní shonraítear inti na ceanglais maidir le teocht. Níl an riail seo ina ceanglas sonrach den mhodh táirgthe lena mbronntar saintréithe áirithe don táirge. Lena scriosadh déantar an tuairisc ar an modh táirgthe níos gonta mar níor cuireadh san áireamh leis ceanglais atá bunaithe cheana féin i reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Bibleagrafaíocht

— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch

5.2.5. *Saintréithe fisiceacha*

An téacs seo a leanas:

Chun bheith cáilithe don ATFC, ní mór na saintréithe fisiceacha seo a leanas a bheith ag cáiseanna:

— *cruth rothair inar suntasach réidhe na n-aghaidheanna;*

— *idir 6 cm agus 15 cm ar airde;*

— *idir 10 cm agus 30 cm ar trastomhas;*

— *de mheáchan idir 0,5 kg agus 7 kg;*

— *craiceann tanaí a chruthaítear le linn an deataithe, dath siaineach dóite le gealáin scothdhearga, ghlasa agus scothghorma, agus blás múscáin ghoirm i dtaos na cáise gar don chraiceann.*

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór na saintréithe fisiceacha seo a leanas a bheith ag **na cáiseanna ATFC**:

— *cruth rothair inar suntasach réidhe na n-aghaidheanna;*

— *idir 6 cm agus* **18** *cm ar airde;*

— *idir 10 cm agus* **35** *cm ar trastomhas;*

— *de mheáchan idir 0,5 kg agus* **10** *kg;*

— *craiceann tanaí a chruthaítear le linn deataithe, dath siaineach dóite le gealáin scothdhearga, ghlasa agus scothghorma, agus is féidir blás múscáin ghoirm i dtaos na cáise gar don chraiceann.*

Míniú: moladh an leasú sin toisc go bhfuil tionscal na mbialann ag éileamh cáiseanna níos mó ar féidir iad a roinn ina sciartha, rud nárbh fhéidir a dhéanamh go dtí seo de réir na rialacha maidir le ATFC 'Gamonéu'. Cuireadh staidéar (uimhir thagartha 20190201) a rinneadh chun an éifeacht a thagann as na cáiseanna a dhéanamh níos mó (8-10 kg) ar saintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha ATFC 'Gamonéu' a mheas i gceangal leis an iarratas sin ar leasú ar an tsonraíocht táirge. Bhain an staidéar sin le tástáil a dhéanamh ar shamplaí cáiseanna 8-10 kg a rinne cáiseoirí cláraithe, ag áirithiú go ndearnadh na cáiseanna a dhéanamh, a láimhseáil agus a aibiú sna coinníollacha a bunaíodh sa tsonraíocht táirge. Rinneadh anailís ar na samplaí sin ag an Saotharlann Bainne agus Agraibhia Idir Thionscail Asturias (le haghaidh tástáil chéadfach), eagraíocht ag a bhfuil taithí ar ATFC 'Gamonéu' a thástáil, agus ag saotharlann ALCE Calidad (le haghaidh tástáil cheimiceach), tástálaí creidiúnaithe na bparaiméadar a gceanglaítear le haghaidh an staidéir seo. Léiríonn torthaí an staidéir seo gur féidir níos mó ná 7 kg – agus suas le 10 kg meáchain – a bheith sa táirge críochnaithe gan na saintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha a athrú. Ní bhíonn aon tionchar ag an athrú sin ar shaintréithe fíor-riachtanacha agus barántúlacht an táirge ag a bhfuil ATFC.

Athrú eile a iarradh ná féidearthacht a dhéanamh de láithreacht bláis *Múscán gorm* seachas ceanglas bunaithe, ós rud é gur minic a bhíonn an blás sin dofheicthe le radharc na súl. Is é is cuspóir leis an leasú seo a áirithiú go leantar le ceadú don fhungas a fhorbairt go nádúrtha agus go spontáineach sna uaimheanna, seachas *Múscán gorm* á chur leis go saorga, rud a fhágann go mbíonn athruithe datha.

Ní bhréagnaíonn an leasú sin an roinn *Nasc*: is féidir a bhreathnú ar fhás an *Mhúscáin ghoirm*, in éineacht le fungais agus giostaí eile, a thugann dath agus blas saintréitheach don táirge foriomlán. Mar sin féin, ní i gcónaí a bhíonn an blás scothghorm glas feadh na n-imeall infheicthe, d'ainneoin go mbíonn ról ag an bhfungas fós sa phróiseas aibithe agus i mblas saintréitheach agus dath sonrach a thabhairt don cháis. Is féidir leis an dath scothghorm glas a bheith éagsúil ag brath ar an ráta fáis agus cómhaireachtáil fungas agus giostaí eile.

5.2.6. *Saintréithe céadfacha*

An téacs seo a leanas:

Tá na saintréithe céadfacha seo a leanas ag an gcáis:

— *Bíonn an taos crua nó leathchrua, daingean agus grabhrógach, agus breac go randamach le súile beaga.*

— *Taobh istigh, bíonn dath bán nó buíbhán ar an gcáis, agus blás scothghorm glas ag na himill. Gné shainiúil is ea é dath an chraicinn: tugtar fordhath siaineach dóite dó leis an bpróiseas deataithe, agus mar gheall ar an méid ama ina dhiaidh sin caite san uaimh nó sa siléar cruthaítear fungais a chuireann gealáin scothdhearga, scothghlasa agus scothghorma leis.*

— *Tá na príomhbhlasanna measartha deatúil agus beagán géar, le blasanna ime ag teacht uirthi sa bhéal a fhágann iarbhlas de chollchnó ina diaidh.*

— *Tá boladh glan, feanntach aici le rian deataithe, a éiríonn níos géire de réir mar a aibíonn an cháis.*

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór **na saintréithe céadfacha** *seo a leanas a bheith ag an táirge:*

— *Bíonn an taos crua nó leathchrua, daingean agus grabhrógach, agus breac go randamach le súile beaga.*

— *Taobh istigh, tá dath bán nó buíbhán ar an gcais,* **is féidir** *le blás beagán scothghorm glas ag na himill. Gné shainiúil is ea é dath an chraicinn: tugtar fordhath siaineach dóite dó leis an bpróiseas deataithe, agus mar gheall ar an méid ama ina dhiaidh sin caite san uaimh nó* ~~sa siléar~~ **cruthaítear** *fungais* **a chuireann** *gealáin scothdhearga, scothghlasa agus scothghorma leis.*

— *Tá na príomhbhlasanna measartha deatúil agus beagán géar, le blasanna ime ag teacht uirthi sa bhéal a fhágann iarbhlas* **de chnónna, b'fhéidir de chollchnónna ina diaidh**.

— *Tá boladh glan, feanntach aici le rian deataithe, a éiríonn níos géire de réir mar a aibíonn an cháis.*

Míniú: is é atá i gceist leis an athrú sin na féidearthachtaí a dhéanamh de láithreacht bláis *Múscán gorm* agus dathú an chraicinn mar gheall ar fhás fungasach seachas ceanglais bhunaithe, ós rud é gur minic a bhíonn an blás sin dofheicthe le radharc na súl. Is é is cuspóir leis an leasú seo a áirithiú go leantar le ceadú don fhungas a fhorbairt go nádúrtha agus go spontáineach sna uaimheanna, seachas *Múscán gorm* á chur leis go saorga, rud a fhágann go mbíonn athruithe datha.

Ní bhréagnaíonn an leasú sin na ráitis a rinneadh sa roinn *Nasc* bunaidh (*na próisis deataithe agus aibithe, ní bhaineann an ceann deireanach ach leis an bhfungas agus an giosta a fhaightear go nádúrtha sa chomhshaol aosaithe, go háirithe Múscán gorm: lena láithreacht forbraíonn an cháis an blás lena dtugtar a dath agus a blas saintréitheach*) toisc, cé gur féidir a bhreathnú ar fhás an *Mhúscáin ghoirm*, lena dtugtar dath agus blas saintréitheach don táirge foriomlán, ní i gcónaí a bhíonn an blás scothghorm glas feadh na n-imeall infheicthe. Sainmhínítear an dath agus an blas saintréitheach i Roinn B) den tsonraíocht táirge.

Tá an leasú seo i gcomhréir leis an nasc ar a mbunaíodh an clárúchán tosaigh.

Ceartaíodh an tagairt a rinneadh don siléar chun áirithiú go leanfar ar aghaidh leis an modh táirgthe a chaomhnú. Cé go mbaintear úsáid as an téarma 'siléar' (*bodega*) chun tagairt a dhéanamh d'aon saoráid *affinage (aosú cáiseanna)*, ní fhorbraíonn ATFC 'Gamonéu' a saintréithe orgánaileipteacha ach amháin mar thoradh ar a bheith aibithe in uaimheanna, a bhfuil dálaí comhshaoil éagsúla acu – i dtéarmaí taise, teochta agus micribhitheolaíochta – ó shiléir cháiseanna thionsclaíocha. Dá bhrí sin, chun saintréithe an táirge a chaomhnú, baineadh an téarma 'siléar' ag fágáil 'uaimh' amháin chun aon mhíthuiscint a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

Baineann athrú eile leis an tuairisc ar na saintréithe céadfacha a bhraitear sa bhéal (an blas). Ar mhaithe le ceanglas níos oibiachtúla a thabhairt ar ar féidir measúnú a dhéanamh ag déiní difriúla ag painéal tástála a bhfuil oiliúint air, moladh tuairisc níos caolchúisí: 'iarbhlas de chnónna, b'fhéidir de chollchnónna ina diaidh'. Coinnítear leis sin an tagairt don chollchnó – mar shampla de bhlas cnónna – sna saintréithe céadfacha.

5.3. ***Roinn C) LIMISTÉAR GEOGRAFACH***

An téacs seo a leanas:

Cuimsítear na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís sa Phobal Féinrialaitheach Asturias sa limistéar geografach. Tá an limistéar seo laistigh de chuid iarthuaiscirt de Pháirc Náisiúnta Picos de Europa.

Déantar na próisis uile a bhaineann le 'Gamoneu'/'Gamonedo' a dhéanamh – an bainne a tháirgeadh agus an cháis a dhéanamh agus a aibiú – sa limistéar geografach sainithe ina bhfuil na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís.

Tá na ceantair bhardasacha sin lonnaithe sa chuid oirthearach de Asturias. Cuimsítear leo limistéar achar de 28 817 heicteáir, úsáidtear 10 365 díobh mar thalamh féaraigh.

Sa limistéar geografach tá 4 220 bó phórúcháin, 7 206 chaora phórúcháin agus 3 224 mhinseach phórúcháin de na pórtha eallaigh, caorach agus gabhair a bhfuil a mbainne oiriúnach chun an cháis seo a dhéanamh.

Is leis an bPrionsacht Asturias an dá cheantar bhardasacha sin, réigiún geografach agus stairiúil thuaisceart na Spáinne, a tháinig chun a bheith ina Phobal Féinrialaitheach le cúige aonair agus a phríomhchathair in Oviedo in 1982.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Cuimsítear na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís sa Phobal Féinrialaitheach Asturias sa limistéar geografach. Tá an limistéar seo laistigh de chuid iarthuaiscirt de Pháirc Náisiúnta Picos de Europa.

*Déantar na próisis uile a bhaineann le '***Gamonéu***' a dhéanamh – an bainne a tháirgeadh agus an cháis a dhéanamh agus a aibiú – sa limistéar geografach sainithe ina bhfuil na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís.*

Tá na ceantair bhardasacha sin lonnaithe sa chuid oirthearach den chríoch.

Míniú: scriosadh an fhaisnéis seo a leanas maidir le méid an limistéir gheografaigh agus líon na mbaineannach pórúcháin toisc go bhfuil sí míchruinn agus as dáta, agus ní léirítear léi an fhírinne maidir le táirgeacht ATFC 'Gamonéu' sa lá atá inniu ann:

Cuimsítear leo limistéar achar de 28 817 heicteáir, úsáidtear 10 365 díobh mar thalamh féaraigh.

Sa limistéar geografach tá 4 220 bó phórúcháin, 7 206 chaora phórúcháin agus 3 224 mhinseach phórúcháin de na pórtha eallaigh, caorach agus gabhair a bhfuil a mbainne oiriúnach chun an cháis seo a dhéanamh.

Is leis an bPrionsacht Asturias an dá cheantar bhardasacha sin, réigiún geografach agus stairiúil thuaisceart na Spáinne, a tháinig chun a bheith ina Phobal Féinrialaitheach le cúige aonair agus a phríomhchathair in Oviedo in 1982.

Ní athraítear an limistéar geografach a bunaíodh sa tsonraíocht táirge ar aon bhealach leis an scriosadh sin.

Bibleagrafaíocht

— https://www.cangasdeonis.com/geografia

— Córas Comhtháite Inrianaitheachta Beostoic (SITRAN): https://www.mapa.gob.es/es/ganaderia/temas/trazabilidad-animal/registro/

5.4. ***Roinn D) CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH AN TÁIRGE SA LIMISTÉAR***

5.4.1. *Tagairtí do dhoiciméid sonracha an bhoird rialála agus cúraimí tarmligthe*

5.4.1.1. Scriosadh an méid seo a leanas – an chéad mhír de Roinn D:

Chun seiceáil a dhéanamh go dtagann an táirge ón limistéar geografach sainithe agus go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán ATFC agus sa dhoiciméad seo, ní mór don bhord rialála cigireachtaí tráthrialta ar ghabháltais bheostoic agus saoráidí cáiseoireachta a dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bunaíodh sa Lámhleabhar maidir le Cáilíocht agus Nósanna Imeachta.

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin.

5.4.1.2. Athruithe ar dhualgais chigireachta an bhoird rialála

An téacs seo a leanas:

Is ceanglais fhíor-riachtanacha na ceanglais seo a leanas a dhearbhaíonn tionscnamh an táirge agus nach mór an bord rialála a fhíorú:

— *Cáilíocht an bhainne a úsáidtear chun na cáiseanna ATFC a dhéanamh, trí shamplaí a ghlacadh chun anailís a dhéanamh ar an cion saille, cion próitéine, ábhar tirim saor ó shaill, áireamh ceall somach, baictéareolaíocht, neamhláithreacht coscairí, agus reophointe (crioscópacht).*

— *Ní mór go dtagann an bainne a úsáidtear chun an cháis seo a dhéanamh ó ghabháltais bheostoic údaraithe a liostaítear i gclár gabháltas an bhoird rialála agus go bhfaightear é le húsáid cleachtais oiriúnacha feirmeoireachta agus bleáin, i gcomhréir leis an Rialachán ATFC agus an doiciméad seo.*

— *Trí fhaireachán agus dheimhniúchán, ní mór don bhord rialála a sheiceáil go bhfuil an bainne agus na cleachtais a úsáidtear chun é a fháil araon comhréireach leis na caighdeáin atá bunaithe.*

— *Ní mór go bhfuil údarú ón mbord rialála ag na saoráidí cáiseoireachta ina ndéantar cáiseanna ATFC agus a bheith liostaithe sa chlár ábhartha, i ndiaidh dóibh na híoscheanglais a chomhlíonadh agus a dhul trí na seiceálacha a leagtar síos sa Rialachán ATFC, sa Lámhleabhar maidir le Cáilíocht agus Nósanna Imeachta agus sa dhoiciméad seo.*

— *Trína limistéar deimhniúcháin, tá an bord rialála freagrach as seiceálacha a dhéanamh go gcomhlíonann na cáiseanna an caighdeán a éilítear chun cáiliú don ATFC. Ní féidir ach na cáiseanna a chomhlíonann na critéir cháilíochta a bunaíodh i rialachán an bhoird rialála agus sa dhoiciméad seo a aicmiú mar cháiseanna den chaighdeán a éilítear.*

— *Ní mór don bhord rialála maoirsiú agus cosaint a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le táirgí a shainaithint agus a dtionscnamh a dheimhniú trí aitheantas, séalú agus lipéid uimhrithe arna eisiúint ag an mbord ar a dtaispeántar lógó an táirge ATFC féin.*

— *Ní mór don bhord rialála cigireachtaí tráthrialta a dhéanamh ar ghabháltais bheostoic agus saoráidí cáiseoireachta chun áirithiú go leanfaidh siad de chomhlíonadh na coinníollacha faoinar deimhníodh iad agus a gcead a athnuachan maidir le húsáid an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Gamoneu'/'Gamonedo'.*

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Is ceanglais fhíor-riachtanacha iad na ceanglais seo a leanas a dhearbhaíonn tionscnamh an táirge agus nach mór an **comhlacht rialúcháin***a fhíorú:*

— *Cáilíocht an bainne a úsáidtear chun na cáiseanna ATFC a dhéanamh.*

— *— Ní mór go dtagann an bainne a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ó ghabháltais bheostoic údaraithe a liostaítear i gclár gabháltas an bhoird rialála agus go bhfaightear é le húsáid cleachtais oiriúnacha feirmeoireachta agus bleáin, i gcomhréir leis an doiciméad seo.*

— *Trí fhaireachán agus dheimhniúchán, ní mór don* **comhlacht rialúcháin** *a sheiceáil go bhfuil an bainne agus na cleachtais a úsáidtear chun é a fháil araon comhréireach leis na caighdeáin atá bunaithe.*

— *Ní mór go bhfuil údarú ón mbord rialála ag na saoráidí cáiseoireachta ina ndéantar cáiseanna ATFC agus a bheith liostaithe sa chlár ábhartha, i ndiaidh dóibh na híoscheanglais a chomhlíonadh agus a dhul trí na seiceálacha a leagtar síos sa dhoiciméad seo.*

— *Tá an* **comhlacht rialúcháin** *freagrach as seiceálacha a dhéanamh go gcomhlíonann na cáiseanna an caighdeán a éilítear chun cáiliú don ATFC. Ní féidir ach na cáiseanna a chomhlíonann na critéir cháilíochta a bunaíodh sa dhoiciméad seo a aicmiú mar cháiseanna den chaighdeán a éilítear.*

— *Ní mór don* **comhlacht rialúcháin** *maoirsiú agus cosaint a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le táirgí a shainaithint agus a dtionscnamh a dheimhniú.* **Ní mór lipéad deimhniúcháin agus lógó an táirge ATFC féin a thaispeáint ar na táirgí uile.**

— *Ní mór don* **comhlacht rialúcháin seiceálacha** *tráthrialta a dhéanamh ar ghabháltais bheostoic agus saoráidí cáiseoireachta chun áirithiú go leanfaidh siad de chomhlíonadh na coinníollacha faoinar deimhníodh iad agus a gcead a athnuachan maidir le húsáid an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Gamonéu'.*

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin.

Scriosadh na tagairtí uile do Rialachán ATFC ar an tuiscint go scoirfidh, i bhfeidhmiú na Forála Athghairme Aonair de Ghníomh 2/2019 Phobal Féinrialaitheach Asturias (*Aisghairm reachtaíochta*), an Rialachán sin – ar rialacháin an bhoird iad sa chás seo – de bheith éifeachtach nuair a fhoilseofar reachtanna nua an bhoird.

Ní bheidh sé éigeantach a thuilleadh samplaí bainne a ghlacadh le haghaidh tástáil anailíseach. Níl aon cheanglas i dtéarmaí cion saille, cion próitéine, ábhar tirim saor ó shaill, áireamh ceall somach, baictéareolaíocht, neamhláithreacht coscairí, nó reophointe sa tsonraíocht táirge, toisc nach ndéantar seiceálacha samplabhunaithe an chomhlachta rialúcháin a rialú le haon pharaiméadar. Sa chás seo, is leis an reachtaíocht ábhartha a rialaítear cáilíocht an bhainne, agus is é an t-oibreoir atá freagrach as comhlíonadh na ndlíthe is infheidhme maidir le gach speiceas beostoic a léiriú. Ceanglaítear ar an gcomhlacht rialúcháin sásraí a bheith i bhfeidhm aige chun córas rialaithe inmheánach an oibreora a fhíorú, ní gá go mbeadh sampláil bainteach leis.

Rinneadh feabhsuithe ar an dréachtú chun míthuiscint a sheachaint maidir le cé atá freagrach as táirgí a cháiliú agus a shainaithint: *Ní mór don comhlacht rialúcháin maoirsiú agus cosaint a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le táirgí a shainaithint agus a dtionscnamh a dheimhniú. Ní mór lipéad deimhniúcháin agus lógó an táirge ATFC féin a thaispeáint ar na táirgí uile.*

5.4.1.3. Scriosadh an 10ú mír. Is éard a dúirt sé:

Chun áirithiú go bhfuil na saintréithe sonracha a éilítear chun cáiliú ag na cáiseanna agus go ndearnadh iad i gcomhréir leis an Lámhleabhar maidir le Cáilíocht agus Nósanna Imeachta, an Rialachán ATFC agus an doiciméad seo, ní mór don bhord rialála samplaí amhábhair a ghlacadh ó ghabháltais bheostoic agus samplaí táirge ó shaoráidí cáiseoireachta, i gcomhréir leis an nós imeachta, minicíocht agus déine atá bunaithe.

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin.

5.4.1.4. Athruithe ar dhualgais chigireachta an bhoird rialála

Rinneadh an téacs a leasú ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór go ndearfar na seiceálacha arna mbunú ag an **gcomhlacht rialúcháin** *chun cáilíocht agus tionscnamh na gcáiseanna ATFC a ráthú.*

Cáiseoirí *a gcomhlíonann a gcuid táirgí na coinníollacha arna mbunú , gheobhaidh siad deimhniú creidiúnaithe ón gcomhlacht rialúcháin.*

Soláthróidh an bord rialála an oiread lipéad deimhniúcháin uimhrithe do cháiseoirí deimhnithe agus atá de dhíth orthu bunaithe ar an líon cáiseanna **cáilithe**.

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin.

Mar fheabhsú dréachtaithe, athraíodh an téarma 'oibreoir' go 'cáiseoir', ag úsáid an téarma 'táirgeoirí' le haghaidh na n-oibreoirí a tháirgeann an bainne agus ag tabhairt 'cáiseoirí' ar na hoibreoirí a dhéanann agus a cháilíonn an táirge.

5.1.4.5. Scriosadh an 14ú mír agus an tábla de Mhiondealú seiceálacha. Is mar a leanas a bhí an mhír a scriosadh:

Ta achoimre sa tábla a leanas ar na seiceálacha nach mór don Bhord Rialála a dhéanamh ar oibreoirí chun áirithiú go raibh cáiseanna a díoladh mar ATFC 'Gamoneu'/'Gamonedo' ATFC de thionscnamh an limistéir gheografaigh. Ní mór na seiceálacha a dhéanamh go pearsanta agus ní mór amharc-chigireacht, iniúchadh ar pháipéarachas agus samplaí a thógáil a bheith mar pháirt de.

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin. Tá na seiceálacha ar a dtugtar tuairisc sa roinn seo nasctha le dualgais a bhí ar an mbord rialála mar an comhlacht a bhí freagrach as na cáiseanna ag comhlíonadh an caighdeán a éilítear. Mar sin féin, níl na seiceálacha sin i gcomhréir leis an treoraíocht a thugtar i gcaighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065. Ní áirítear leis an tábla aon cheanglas sonrach atá le comhlíonadh ag an táirge ach tugann sé achoimre ar ítimí éagsúla an tseicliosta.

5.1.4.6. Athruithe ar dhualgais chigireachta an bhoird rialála agus scriosadh na dtagairtí do dhoiciméid shonracha an bhoird

An téacs seo a leanas:

Chun bheith in ann faireachán a dhéanamh ar na próisis cháiseoireachta, agus cibé uair is gá chun tionscnamh agus cáilíocht an táirge ATFC a chruthú, ceanglaítear ar na hoibreoirí gabháltais bheostoic agus saoráidí cáiseoireachta an páipéarachas is gá a chomhlánú chun gur féidir gach ceann de na ceanglais a leagtar amach sa doiciméad seo a fhíorú.

Ní mór don bhord rialála seiceáil a dhéanamh ar na doiciméid agus na taifid sin.

I gcomhréir leis na ceanglais uile thuas, ní fhéadfar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Gamonéu'/'Gamonedo' a úsáid ach le haghaidh cáiseanna a rinneadh as bainne a táirgeadh ar ghabháltais bheostoic cláraithe ag saoráidí cáiseoireachta cláraithe leis an mbord rialála i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa dhoiciméad seo, sa Rialachán ATFC agus sa Lámhleabhar maidir le Cáilíocht agus Nósanna Imeachta, agus a bhfuil cigireacht agus deimhniúchán déanta orthu ag an mbord rialála trí na seiceálacha bunaithe.

Féadfar táirge nó na teicnící a úsáideadh é a dhéanamh a dhéanamh neamhchomhlíontach ag an mbord rialála ag aon chéim, i gcomhréir leis na nósanna imeachta bunaithe.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Chun bheith in ann faireachán a dhéanamh ar na próisis cháiseoireachta, agus cibé uair is gá chun tionscnamh agus cáilíocht an táirge ATFC a chruthú, ceanglaítear ar na hoibreoirí gabháltais bheostoic agus saoráidí cáiseoireachta an páipéarachas is gá a chomhlánú chun gur féidir gach ceann de na ceanglais a leagtar amach sa doiciméad seo a fhíorú. Ní mór don **chomhlacht rialaithe** *seiceáil a dhéanamh ar na doiciméid agus na taifid sin.*

*I gcomhréir leis na ceanglais uile thuas, ní fhéadfar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint '***Gamonéu***' a úsáid ach le haghaidh cáiseanna a rinneadh as bainne a táirgeadh ar ghabháltais bheostoic cláraithe ag saoráidí cáiseoireachta cláraithe leis an mbord rialála i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa dhoiciméad seo, agus a bhfuil cigireacht agus deimhniúchán déanta orthu ag an* **gcomhlacht rialúcháin** *trí na seiceálacha arna mbunú.*

Féadfaidh **an comhlacht rialúcháin a dhearbhú** *go bhfuil táirge, nó na teicnící a úsáideadh chun an táirge sin a dhéanamh, neamhchomhlíontach ag aon chéim, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú seo a leanas.*

Míniú: leis an athrú sin tugtar an téacs i gcomhréir le caighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065 agus léirítear leis tarmligean na gcúraimí don chomhlacht rialúcháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, ceanglaítear ar údaráis inniúla nó ar chomhlachtaí rialúcháin a fheidhmíonn mar chomhlachtaí deimhnithe táirge, ceanglaítear orthu seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar shonraíochtaí táirge. Ó foilsíodh Gníomh an réigiúin maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019), agus i bhfeidhmiú Airteagal 36, ní mór gníomhaíochtaí rialúcháin a tharmligean ag an gcomhlacht rialúcháin, nach ionann é an bord rialála agus an comhlacht rialúcháin.

Scriosadh na tagairtí uile do Rialachán ATFC ar an tuiscint go scoirfidh, i bhfeidhmiú na Forála Athghairme Aonair de Ghníomh 2/2019 Phobal Féinrialaitheach Asturias (*Aisghairm reachtaíochta*), an Rialachán sin – ar rialacháin an bhoird iad sa chás seo – de bheith éifeachtach nuair a fhoilseofar reachtanna nua an bhoird.

5.1.4.7. Seiceálacha amhábhair

An téacs seo a leanas:

Ní mór seiceálacha a dhéanamh chun áirithiú go dtagann an bainne a úsáidtear sa phróiseas cáiseoireachta go heisiach ó ghabháltais bheostoic údaraithe liostaithe i gclár an bhoird rialála agus maoirsithe ag an mbord.

I gcás ina bhfaigheann cáiseoirí an t-amhábhar sin óna mbeostoc féin, ní mór seiceáil a dhéanamh ar a dtaifid cháiseoireachta agus a bpáipéarachas a bhaineann le clár beostoic chun áirithiú go bhfuil an bainne a dearbhaíodh i gcomhréir lena dtréad nó a n-ealta.

I gcás ina bhfaigheann cáiseoirí bainne ó ghabháltais eile, ní mór seiceáil a dhéanamh ar a dtaifid cháiseoireachta agus an doiciméadacht lena gcruthaítear go hiontaofa cé as ar tháinig sé. Ní mór nóta seachadta bainne a bheith ag an gcáiseoir lena sainaithnítear an gabháltas tionscnaimh, dáta agus am bailithe, an méid a seachadadh, an fheithicil agus an tiománaí. Ní mór logleabhar na feithicle a bheith mar an fhoinse faisnéise chun an nóta seachadta a chomhlánú, nach mór rochtain a bheith ag an mbord rialála air. Ní mór an sonrasc ábhartha agus cruthúnas ar íocaíocht le haghaidh an bhainne a seachadadh a ghabháil leis an doiciméadacht sin agus é a thaifeadadh sna taifid éigeantacha cáiseoireachta.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór seiceálacha a dhéanamh chun áirithiú go dtagann an bainne a úsáidtear sa phróiseas cáiseoireachta go heisiach ó ghabháltais bheostoic údaraithe liostaithe i gclár an bhoird rialála agus maoirsithe ag an mbord.

Ní mór don bhord rialála maoirsiú a dhéanamh ar na gabháltais bheostoic ag a dtáirgeadh an bainne chun cáis 'Gamonéu' a dhéanamh chun críocha iontrála sna cláir ábhartha.

I gcás ina bhfaigheann cáiseoirí an t-amhábhar sin óna mbeostoc féin, ní mór seiceáil a dhéanamh ar a dtaifid **táirgthe** *agus a bpáipéarachas a bhaineann le clár beostoic chun áirithiú go bhfuil an bainne a dearbhaíodh i gcomhréir lena dtréad nó a n-ealta.*

I gcás ina bhfaigheann cáiseoirí bainne ó ghabháltais eile, ní mór seiceáil a dhéanamh ar a dtaifid cháiseoireachta agus an doiciméadacht lena gcruthaítear go hiontaofa cé as ar tháinig sé.

Míniú: bogadh an mhír a thosaíonn le 'Na gabháltais bheostoic …' chuig an roinn seo ó Roinn B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE.

Léirítear leis na hathruithe ar na tagairtí do na taifid éagsúla a moladh go nglactar leis, anois agus an táirge deimhnithe faoi chaighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065, nach mór do cháiseoirí iad siúd nó taifid rialaithe inmheánacha eile a bheith acu lenar féidir leo léiriú don chomhlacht rialúcháin go gcomhlíonann siad ceanglais den tsonraíocht táirge, gan ghá le hainm nó formáid na dtaifead sin a shonrú.

5.1.4.8. Seiceálacha ar cháiseoireacht

An téacs seo a leanas:

Le haghaidh gach seisiún cáiseoireachta, ní mór taifid a bheith ag na cáiseoirí lena sonraítear tionscnamh agus cainníocht an bhainne a úsáidtear chomh maith le líon iomlán na gcáiseanna arna ndéanamh – i dteannta leis an miondealú ar an bhfigiúr sin de réir formáide má rinneadh níos mó ná aon fhormáid amháin – agus lena shainaithnítear go soiléir an bhaisc nó na baisceanna a rinneadh sa seisiún sin. Ní mór do na taifid sin sainaithint aon cháise nó baisce a cheadú a choinnítear áit ar bith sa tsaoráid nó tráth ar bith le linn gach ceann de na céimeanna tar éis na cáiseoireachta, i.e. deatúchán, aibiú agus stóráil roimh sheoladh. Fióróidh an bord rialála cruinneas na dtaifead sin trí sheiceáil ar an láthair a dhéanamh lena shuí cibé acu an léiríonn an fhaisnéis atá iontu na stoic arna gcoinneáil iarbhír sna limistéir dhifriúla den tsaoráid cáiseoireachta.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Le haghaidh gach seisiún cáiseoireachta, ní mór taifid a bheith ag na cáiseoirí lena sonraítear tionscnamh agus cainníocht an bhainne a úsáidtear chomh maith le líon iomlán na gcáiseanna arna ndéanamh – i dteannta leis an miondealú ar an bhfigiúr sin de réir formáide má rinneadh níos mó ná aon fhormáid amháin – agus lena shainaithnítear go soiléir an bhaisc nó na baisceanna a rinneadh sa seisiún sin. Ní mór do na taifid sin sainaithint aon cháise nó baisce a cheadú a choinnítear áit ar bith sa tsaoráid nó tráth ar bith le linn gach ceann de na céimeanna tar éis na cáiseoireachta, i.e. deatúchán, aibiú agus stóráil roimh sheoladh. Fióróidh an **comhlacht rialúcháin** *cibé acu an ann* **do na taifid sin** *trí sheiceáil ar an láthair a dhéanamh chun a shuí cibé acu an léiríonn an fhaisnéis atá iontu na stoic arna gcoinneáil iarbhír sna limistéir dhifriúla den tsaoráid cháiseoireachta.*

Míniú: tá an comhlacht rialúcháin curtha in ionad an bhoird rialála mar an gcomhlacht atá freagrach as na seiceálacha sin, agus athraíodh an focal 'cruinneas' chuig an téarma níos oibiachtúla 'láithreacht'. Iarradh an leasú sin d'fhonn an téacs a chur in oiriúint do cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias.

5.1.4.9. Seiceálacha ar lipéadú agus ar sheoladh

An téacs seo a leanas:

Ní mór a thaispeáint leis na taifid an nasc idir lipéid, na cáiseanna a úsáideadh iad le sainaithint, agus na baisceanna ónar tháinig na cáiseanna siúd. Ní mór na stoic go léir arna gcoinneáil i stóráil roimh sheoladh a thaifeadadh agus a shainaithint, gan beann ar cibé acu an ndearnadh iad a lipéadú nó nach ndearnadh. Ar deireadh, ní mór a léiriú leis na taifid cháiseoireachta ceann scríbe deireanach na gcáiseanna arna ndéanamh, agus ní mór páipéarachas a bheith ag an gcáiseoir lena gcruthaítear an ceann scríbe sin – is é sin nótaí seachadta agus sonraisc díolacháin le haghaidh gach coinsíneacht seolta – ar fáil lena chomhairliúchán ag an mbord rialála.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór a thaispeáint leis na taifid cé na **lipéid deimhniúcháin a dhéanann na** *cáiseanna a shainaithint chomh maith le baisceanna tionscnaimh na gcáiseanna sin. Ní mór na stoic go léir arna gcoinneáil i stóráil roimh sheoladh a thaifeadadh agus a shainaithint, gan beann ar cibé acu an ndearnadh iad a lipéadú nó nach ndearnadh. Ar deireadh, ní mór a léiriú leis na taifid cháiseoireachta ceann scríbe deireanach na gcáiseanna arna ndéanamh, agus ní mór páipéarachas a bheith ag an gcáiseoir lena gcruthaítear an ceann scríbe sin – is é sin nótaí seachadta agus sonraisc díolacháin le haghaidh gach coinsíneacht seolta – ar fáil lena chomhairliúchán ag an* **gcomhlacht rialúcháin**.

Míniú: tá an comhlacht rialúcháin curtha in ionad an bhoird rialála mar an gcomhlacht atá freagrach as na seiceálacha sin, agus athrófar 'lipéid' go 'lipéid dheimhniúcháin' chun mearbhall a sheachaint. Iarradh an leasú sin d'fhonn an téacs a chur in oiriúint do cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias.

Bibleagrafaíocht

— An Gníomh maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019, arna fhoilsiú in Eagrán 47 d'Iris Oifigiúil Asturias an 8 Márta 2019).

— An reachtaíocht maidir le cáilíocht an bhainne:

https://www.mapa.gob.es/es/ganaderia/temas/sanidad-animal-higiene-ganadera/Higiene-de-la-produccion-primaria-ganadera/calidad-de-la-leche-letra-q/

5.5. ***Roinn E) AN MODH TÁIRGTHE***

5.5.1. *Aiste bia na n-ainmhithe*

An chéad mhír, an dara mír agus an tríú mír:

Ní mór an cháis 'Gamoneu'/'Gamonedo' a dhéanamh as bainne amh – bainne bó, caorach nó gabhair, nó meascán de dhá cheann nó trí cinn de na cineálacha sin – a tháirgeann beostoc a bheathaítear ar acmhainní nádúrtha an réigiúin i gcomhréir le traidisiúin shonracha atá nasctha le tosca geografacha agus socheolaíocha atá uathúil don limistéar áitiúil.

Tá an aiste bia a thugtar don bheostoc bunaithe ar innilt ó cheann ceann na bliana, agus í forlíonta le foráiste dúchasach i bhfoirm féir a gearradh le déanaí agus féir thirim.

Cé nach mór aiste bia na n-ainmhithe a aimsiú sa limistéar geografach sainithe, féadfar tiúcháin atá bunaithe ar ghráin agus léagúim a úsáid nuair atá easpa foráiste dhúchasaigh, mar gheall ar na dálaí aimsire de ghnáth.

Is gá idirdhealuithe a dhéanamh de réir speiceas beostoic agus an tráth den bhliain. Ós limistéar sléibhtiúil é seo, tá ról tábhachtach ag an aeráid maidir le cinneadh cén chaoi a mbeathaítear acmhainní foráiste don bheostoc. Leis an gcóras uaineachta traidisiúnta, san earrach ghearrtaí an foráiste d'fhéarach ísealchríche agus dhéantaí é a bheathú agus é úr do na hainmhithe – nó, níos fearr fós, dhéanaidís féin innilt ar an bhféarach sin – agus bheadh an féarach sin ina fhoinse féir thirim níos déanaí sa samhradh. Sna hardchríocha, is é an gnáthmhodh beathaithe innilt dhíreach. Braitheann cén chaoi, agus cé chomh fada, a bheathaítear na hacmhainní nádúrtha sin do bheostoc ar na dálaí aimsire i rith na bliana, a fhadaíonn nó a ghiorraíonn an t-am a fhéadann ainmhithe a chaitheamh ar fhéarach ardchríche.

a leasú ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór an cháis 'Gamoneu'/'Gamonedo' a dhéanamh as bainne amh – bainne bó, caorach nó gabhair, nó meascán de dhá cheann nó trí cinn de na cineálacha sin – a tháirgeann beostoc a bheathaítear **ar acmhainní** *nádúrtha an réigiúin i gcomhréir le traidisiúin shonracha atá nasctha le tosca geografacha agus socheolaíocha atá uathúil don limistéar áitiúil.*

Tá an aiste bia a thugtar don bheostoc bunaithe ar innilt ó cheann ceann na bliana, agus í forlíonta le foráiste dúchasach i bhfoirm féir a gearradh le déanaí agus féir thirim.

Cé nach mór aiste bia na n-ainmhithe a aimsiú sa limistéar geografach sainithe, **ceadaítear forlíonadh le beatha ainmhí eile i gcás reachtaí fiseolaíocha áirithe – amhail lachtadh – nó** *nuair atá ganntanas foráiste dhúchasaigh ag gabháltas beostoic, mar gheall ar na dálaí aimsire de ghnáth.* **Chun a áirithiú nach ndéantar aon difear do nasc, níor cheart, in aon chás, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéar geografach sainithe 50 % d'ábhar tirim a shárú ar bhonn bliantúil**.

Míniú: soiléirítear leis an leasú seo na ceanglais maidir le haiste bia na n-ainmhithe, ag a mbíonn ról cinntitheach i dtáirgeadh na cáise. Athraíodh 'tiúchain bunaithe ar ghráin agus léagúim' go 'beatha' arb é an téarma a úsáidtear sa reachtaíocht reatha. Meastar gur fíor-riachtanach an t-athrú chun ceadú beatha a úsáid leis an aiste bia bunaithe ar fhoráiste a fhorlíonadh nuair is gá sin mar gheall ar riocht ainmhí – le linn lachta mar shampla. Tá an leathnú sin ar na himthosca ina bhfuil feidhm ag an eisceacht ar an riail dírithe ar leas ainmhithe a chosaint gan saintréithe fíor-riachtanacha ná barántúlacht an táirge ATFC a athrú, agus comhlíontacht le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 á háirithiú sa mhéid nach mór nach sáródh beatha ó lasmuigh den limistéar geografach 50 % ionas nach ndéantar difear don nasc.

Bibleagrafaíocht

— Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe.

— Lasanta, T. (2010). *Pastoreo en áreas de montaña: Estrategias e impactos en el territorio* [Innilt i Limistéir Sléibhe – Straitéisí agus tionchar ar an limistéar áitiúil]. *Estudios geográficos* [Staidéar Geografach], 71(268), 203-233.

— Rialtas Phobal Rialaitheach Asturias, Aireacht Gnóthaí Tuaithe agus Iascaigh, Ard-Stiúrthóireacht um Bheartas Foraoiseachta (2011), *El Monte en Asturias* [Coillearnach in Asturias].

5.5.2. An téarma traidisiúnta *del Vale*

Scriosadh an ceathrú, an cúigiú agus an séú mír den roinn sin den tsonraíocht táirge. Is mar a leanas a léitear iad:

Úsáidtear na téarmaí traidisiúnta 'del Valle' [ón ngleann] agus 'del Puerto' [ón mbearnas) chun na cleachtais feirmeoireachta dhifriúla a úsáidtear sna hísealchríocha agus sna hardchríocha a léiriú. Déantar cáis 'Del Puerto' le bainne ó bheostoc a chaith an samhradh ar fad ag innilt ar na féarthailte ardchríche, agus gan chur isteach orthu ach nuair a bailíodh le chéile iad lena mbleán agus iad curtha ar ais ar an bhféarach ina dhiaidh. Le linn na tréimhse sin is í innilt an t-aon bhealach amháin ina mbeathaítear na hainmhithe: ní fhorlíontar a n-aiste bia toisc gur gnách go mbíonn neart foráiste ar fáil sna móinéir agus nach féidir beatha bhreise a iompar chuig ionaid atá chomh deacair a bhaint amach. Ní féidir freisin cóiríocht a thabhairt don bheostoc – níl aon stábla ann agus ní féidir iad a thógáil toisc go bhfuil na féarthailte sin faoi chosaint an chomhshaoil. Mar gheall ar na dálaí ina ndéantar an fheirmeoireacht ardchríche sin féadann an tréimhse ama a chaitheann na hainmhithe ar na féarthailte sin a bheith níos giorra nó níos faide ag brath ar an aimsir, ós rud é go mbíonn tionchar aige sin ar mhéid an fhoráiste atá ar fáil agus go gcinneann na teochtaí cé chomh fada is féidir beostoc a choinneáil amuigh faoin aer.

Tagraíonn an téarma 'Valle' don traidisiún feirmeoireachta ísealchríche, trína dtagann bia na mbó ó mhóinéir atá suite gar do limistéir ina bhfuil daoine ina gcónaí agus ina bhfuil rochtain acu ar fhoscadh i gcás dálaí adhaimsire. Tugtar féar tirim dúchasach do na hainmhithe freisin agus, mar a luaitear thuas, is féidir a gcuid aistí bia a fhorlíonadh uaireanta le tiúchain bunaithe ar ghráin agus léagúim.

A mhéid a bhaineann leis na speicis éagsúla caorach agus gabhar, tá a n-aiste bia bunaithe go príomha ar innilt sna féarthailte is airde go mall san earrach, sa samhradh agus go luath san fhómhar, cé go mbraitheann sé sin go léir ar na dálaí aimsire. Nuair is measa na dálaí aimsire, cuirtear na hainmhithe amach ar féarach ar na móinéir is ísle, agus forlíontar a n-aiste bia le féar tirim a dhéantar le linn an tsamhraidh. Beathaítear na heallaí ó mhóinéir atá suite gar do limistéir ina bhfuil daoine ina gcónaí, agus forlíontar a n-aistí bia le féar tirim agus gráin sa gheimhreadh. Bogann roinnt táirgeoirí a gcuid bó go féarach ardchríche ar feadh an tsamhraidh.

Scriosadh an 22ú agus an 23ú mír den roinn sin den tsonraíocht táirge. Is mar a leanas a léitear iad:

'Gamoneu' del Valle / 'Gamonedo' del Valle [den ghleann]: déanta in ísealchríocha an limistéir gheografaigh shainithe, a thagann laistigh de na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís.

Sna gleannta, ní dhéanann séasúracht difear don táirgeadh toisc go dtógtar an beostoc go leathfhairsing, agus córas á úsáid ina ndírítear go mór ar innilt.

Míniú: tá an t-ainm 'Gamonéu' le húsáid in áit an téarma thraidisiúnta *del Valle*, ionas go bhfuil feidhm anois ag na ceanglais go léir atá bunaithe cheana sa tsonraíocht táirge don leagan *del Valle* maidir le cáis 'Gamonéu'. Ní athraítear leis an athrú beartaithe sin saintréithe an táirge ach seachas sin soiléirítear na téarmaí traidisiúnta a úsáideadh go dtí seo.

Bibleagrafaíocht

— Foraithne 8/2009 an 4 Feabhra 2009 ina liostaítear logainmneacha oifigiúla le haghaidh limistéar bardasach Cangas de Onís.

5.5.3. *An modh táirgthe*

Bogadh na míreanna seo a leanas ó Roinn B) Tuairisc ar an táirge:

Ní mór don bhord rialála glacadh le teicnící a spreagadh a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar mhéid agus ar cháilíocht an bhainne a tháirgeann tréada agus ealtaí.

Ní mór bleán a dhéanamh tríd an teicníc is fearr is féidir a úsáid chun bainne glan, sláinteach a bhfuil ualach íseal miocróbach aige a fháil, agus na rialacha atá i bhfeidhm á gcur san áireamh.

Mura bhfuiltear chun é a úsáid láithreach, *ní mór an bainne atá le húsáid chun cáiseanna ATFC a dhéanamh a chuisniú tar éis an bhleáin agus,* **de réir mar a bheidh**, *é a choinneáil fuaraithe go dtí go gcuirfear tús leis an gcáiseoireacht.*

Más rud é nach mór an bainne a phiocadh suas agus a iompar chuig áit eile, ní mór sláinteachas ar ardchaighdeán a áirithiú sa phróiseas seo, lena n-áirítear umair chuisnithe a úsáid nó aon chóras eile a chuireann cosc ar mheath cháilíocht an bhainne.

Ní mór don bhord rialála tabhairt isteach dreasachtaí a chur chun cinn le haghaidh gabháltas a shuiteálann trealamh le haghaidh bleáin, bainne a fhuarú, bainne a leasú agus bainne a iompar nó a dhéanann an trealamh atá acu faoi láthair a uasghrádú.

Míniú: is é is cúis leis an leasú sin go ndearnadh an tsonraíocht táirge a athstruchtúrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí. Rinneadh an t-athrú seo a leanas ar an athstruchtúrú sin ar ábhar na sonraíochta táirge: Athraíodh 'Ní mór an bainne atá le húsáid chun cáiseanna ATFC a dhéanamh a chuisniú tar éis an bhleáin go dtí go gcuirfear tús leis an gcáiseoireacht go "**Mura bhfuiltear chun é a úsáid láithreach** , ní mór an bainne atá le húsáid chun cáiseanna ATFC a dhéanamh a chuisniú tar éis an bhleáin agus, *de réir mar a bheidh*, a choinneáil fuaraithe go dtí go gcuirfear tús leis an gcáiseoireacht".Cuireadh an soiléiriú sin leis le haghaidh imthosca nach stóráiltear an bainne fúthu ach seachas sin go n-úsáidtear é díreach tar éis an bhleáin. Tá bainne atá le húsáid le táirgí déiríochta a dhéanamh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair lena n-áirítear Foraithne Ríoga 752/2011 an 27 Bealtaine 2011 lena bhunaítear na bunrialacha um rialú nach mór d'oibreoirí in earnáil an bhainne amh caorach agus gabhair cloí leo.

Bibleagrafaíocht

— Foraithne Ríoga 1728/2007 an 21 Nollaig 2007 lena mbunaítear na bunrialacha um rialú nach mór d'oibreoirí san earnáil déiríochta cloí leo agus lena leasaítear Foraithne Ríoga 217/2004 an 6 Feabhra 2004 lena rialaítear sainaithint agus clárú na n-oibreoirí, na mbunaíochtaí agus na gcoimeádán atá bainteach san earnáil déiríochta agus taifeadadh ar ghluaiseachtaí bainne

— Foraithne Ríoga 752/2011 an 27 Bealtaine 2011 lena bhunaítear na bunrialacha um rialú nach mór d'oibreoirí in earnáil an bhainne amh caorach agus gabhair cloí leo

5.5.4. *An próiseas gruthaithe*

An naoú mír:

Seachadtar bainne ó ghabháltais bheostoic údaraithe atá suite sa limistéar táirgthe, agus é fuaraithe mar is cuí, go dtí an tsaoráid cáiseoireachta agus téann sé trí ghruthú.

Gruthú – Ní mór an próiseas sin a bhaint amach trí théachtadh aigéid lachtaigh, a chatalú agus úsáid á baint as binid ainmhí nó einsímí eile um théachtadh bainne atá údaraithe go sonrach ag an mbord rialála, ag an dáileog cheart chun a áirithiú go mairfidh an próiseas gruthaithe 1 uair an chloig ar a laghad. Ní mór an bainne a bheith ag teocht de 24-30 °C nuair a tharlaíonn an gruthú agus le linn an phróisis sin ar fad.

leasaíodh í ionas go léifear mar a leanas é:

Seachadtar bainne ó ghabháltais bheostoic údaraithe atá suite sa limistéar táirgthe chuig an tsaoráid cáiseoireachta agus téann sé trí ghruthú.

Ní mór gruthú a bhaint amach trí théachtadh aigéid lachtaigh, a chatalú agus úsáid á baint as binid ainmhí nó einsímí formheasta eile um théachtadh bainne, ag an dáileog cheart chun a áirithiú go dtógann an próiseas gruthaithe 1 uair an chloig ar a laghad. Ní mór an bainne a bheith ag teocht de **22**-*30 °C nuair a tharlaíonn gruthú agus le linn an phróisis sin ar fad.*

Míniú:

Scriosadh an tagairt don bhord rialála a bheith ag formheas na n-einsímí um théachtadh bainne nó binid ainmhí. Bunaíodh i dtosach gurbh gá na heinsímí um théachtadh bainne agus an bhinid a fhormheas go sonrach ag an mbord rialála toisc, mar gheall ar ghanntanas na dtáirgí sin, mura mbeadh rialachán inmheánach i bhfeidhm go bhféadfadh go n-úsáidfeadh oibreoirí, trí heaspa feasachta, substaintí coiscthe nó substaintí a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur i mbaol. Tá oibreoirí freagrach anois as na gnéithe sábháilteachta bia dá gcuid táirgí, agus, a bhuí le tionscal i bhfad níos bunaithe a bheith ann anois a sholáthraíonn áiseanna próiseála mar einsímí um théachtadh bainne agus binid, tá rochtain acu anois ar raon leathan táirgí atá rialaithe ag reachtaíocht an-dian. Meastar dá bhrí sin nach ábhartha an dualgas formheasta sin do ról an bhoird rialála mar chomhlacht bainistíochta, ós rud é nach gcuirfeadh sé an cúram sin i gcrích ach trí shubstaint ar bith a fhormhuiniú atá údaraithe leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, agus mar sin dá mbeadh an dualgas aige fós bheadh páipéarachas breise ag an gcomhlacht bainistíochta, ach ní bheadh aon luach ná dearbhú i gceist don táirge deiridh.

Déanann athrú eile a bheartaítear difear don tuairisc ar an bpróiseas gruthaithe agus tá sé dírithe ar athshonrú ar fhaisnéis a sheachaint a cuireadh ar fáil níos luaithe i Roinn B), chomh maith le háirithiú go léiríonn an téacs teochtaí iarbhír arna dtaifeadadh le linn na cáiseoireachta tríd an raon teochta a choigeartú nach mór an bainne a choinneáil laistigh de le linn an ghruthaithe. Déanann an t-athrú difear do luach íochtarach an raoin sin – coigeartú ísealriosca nach mbíonn tionchar mór aige. Trí shíneadh a chur leis an raon tríd an tairseach íochtarach a ísliú tógtar an tuairisc ar an bpróiseas sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha, agus ligtear do cháiseoirí modhanna gruthaithe traidisiúnta, coimeádacha a úsáid gan dul i bhfeidhm ar cháilíocht an amhábhair nó, dá bhrí sin, an táirge deiridh. Ní hionann sin agus méadú ar theochtaí, a d'fhéadfadh dínádúrú a bheith mar thoradh air agus dá bhrí sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shaintréithe céadfacha an táirge.

Bibleagrafaíocht

— Battro, P. (2010). *Quesos artesanales* [Cáiseanna ceardaí], arna fhoilsiú ag Editorial Albatros.

— Navarro, Andrés. *La Elaboración: Coagulación de la Leche* [Cáiseoireacht – An bainne a ghruthú]: http://asociaciondequeserosartesanos.com/asturias/el-queso/la-elaboracion/coagulacion-de-la-leche/

— Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia

— Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia

5.5.5. *Méid an ghrutha ghearrtha*

An 10ú mír:

Gearradh: Nuair atá an bainne gruthaithe, gearrtar an mhais grutha go cúramach roinnt uaireanta go bhfuil na gruthanna gearrtha ina bpíosaí beaga atá idir 5-15 mm. Ansin draenáiltear an gruth.

leasaíodh í ionas go léifear mar a leanas é:

Gearradh: Nuair atá an bainne gruthaithe, gearrtar an mhais grutha go cúramach roinnt uaireanta go bhfuil na gruthanna gearrtha ina bpíosaí beaga atá **thart ar** *5-15 mm. Ansin draenáiltear an gruth.*

Míniú: ba é an rún le tomhas a shonrú taobh leis an tagairt do "phíosaí beaga" de ghruth gearrtha barúil a thabhairt maidir leis an méid a measadh a bheith "beag". Cuireadh isteach na focail "thart ar" ionas nach bhfuil cáiseoirí faoi ualach an chúraim tomhas a dhéanamh ar shampla ionadaíoch de phíosaí grutha agus cailpéir á n-úsáid, agus an aidhm thosaigh á comhlíonadh mar a bhí méid a chur in iúl, ós rud é nach mbeadh aon tionchar ag difríocht cúpla milliméadar bealach amháin nó bealach eile.

5.5.6. *Sailleadh*

An 12ú mír:

Sailleadh: cuimsíonn an próiseas saillte aghaidheanna uachtaracha agus íochtaracha na gcáiseanna a chlúdach le clóiríd sóidiam tar éis 24 uair an chloig (aghaidh uachtarach) agus 48 n-uair an chloig (aghaidh íochtarach).

leasaíodh í ionas go léifear mar a leanas é:

Sailleadh: cuimsíonn an próiseas saillte aghaidheanna uachtaracha agus íochtaracha na gcáiseanna a chlúdach le clóiríd sóidiam tar éis 6 uair an chloig agus 72 uair an chloig tar éis múnlaithe.

Míniú: leis an leasú beartaithe seo ar an 11ú mír déantar na hamanna saillte a oiriúnú do tháirgeadh na gcáiseanna níos mó a éilíonn tionscal na mbialann.

Bibleagrafaíocht

— Navarro, Andrés. *La Elaboración: Coagulación de la Leche* [Cáiseoireacht – An bainne a ghruthú]: http://asociaciondequeserosartesanos.com/asturias/el-queso/la-elaboracion/coagulacion-de-la-leche/

5.5.7. ***Ceartú earráidí***

Sa tuairisc ar an gcéim deataithe, ceartaíodh an téarma mí-litrithe *Peinicillian* go *Múscán Gorm* chun an téarmeolaíocht a úsáidtear a chaighdeánú.

5.5.8. *Téarma*

An 14ú agus an 15ú mír:

Deatú: nuair a bhaintear de na gruthanna iad, deataítear na cáiseanna. Ní mór fad agus déine an phróiseas deataithe a chur in oiriúint do na dálaí comhshaoil atá i réim, chun a áirithiú go dtriomóidh na cáiseanna go leordhóthanach agus go dtiocfaidh craiceann orthu a bhfuil dath siaineach dóite air agus raimhre iontu a ligeann Peinicilliun dul tríd le linn aibiú, agus a áirithiú an tráth céanna go dtiocfaidh blas fíneálta toite orthu atá ina shaintréith acu, gan ligean dó sin éirí róláidir. Ní mór fuinseog (Fraxinus excelsior), fraoch (Erica sp.), feá (Fagus sylvatica) nó adhmad ó speiceas crua-adhmaid dúchasach eile a úsáid chun an deatú a dhéanamh.

Téarma: ní mór do na cáiseanna dul trí phróiseas aibithe in uaimheanna nó i siléir aolchloiche ina bhfuil dálaí den chineál go mbeidh siad in ann a gcuid saintréithe sainiúla a fhorbairt, le meánteocht idir 10 °C agus meán-bhogthaise 90 %. Ní mór na cáiseanna a aibiú ar feadh 2 mhí ar a laghad ón dáta ar a ndéantar na gruthanna. Ní mór ceadú don Peinicillian dul tríd an gcáis agus bláthú sa chuid den taos is gaire don chraiceann, chun na stríocaí scothghorma glasa timpeall na n-imeall atá mar shaintréith aici a thabhairt don cháis.

leasaíodh iad ionas go léifear mar a leanas é:

Téarma: **Ní mór na cáiseanna a aibiú ar feadh 2 mhí ar a laghad (3 mhí i gcás cáiseanna a bhfuil meáchan níos mó ná 7 kg iontu) ón dáta ar a dhéantar na gruthanna.** *Ní mór go dtarlódh na próisis seo a leanas le linn na tréimhse sin:*

Deatú: nuair a bhaintear de na gruthanna iad, deataítear na cáiseanna. Ní mór fad agus déine an phróisis deataithe a chur in oiriúint do na dálaí comhshaoil atá i réim, chun a áirithiú go dtriomófar na cáiseanna go leordhóthanach agus go bhforbróidh siad craiceann a bhfuil dath siaineach dóite air le raimhre a ligeann Múscán Gorm dul tríd le linn aibithe, agus a áirithiú an tráth céanna go bhforbróidh siad an blas fíneálta toite atá mar shaintréith acu, gan ligean dó sin éirí láidir. Ní mór fuinseog (Fraxinus excelsior), fraoch (Erica sp.), feá (Fagus sylvatica) nó adhmad ó speiceas crua-adhmaid dúchasach eile a úsáid mar adhmad le haghaidh deataithe.

Aibiú san uaimh: ní mór do na cáiseanna dul trí phróiseas aibithe in uaimheanna aolchloiche ina bhfuil dálaí den chineál go mbeidh siad in ann a gcuid saintréithe sainiúla a fhorbairt. Ní mór nach sáródh an meánteocht sna huaimheanna 12 °C agus ní mór nach dtitfeadh an mheán-bhogthaise choibhneasta faoi bhun 85 %. Tá fad íosta de 30 lá ag an bpróiseas sin d'aibiú san uaimh.

Le linn na tréimhse sin, ní mór na cáiseanna a chasadh agus a ghlanadh de réir mar is gá ionas go bhforbróidh a saintréithe sonracha. Cuimsíonn sé sin forbairt na bhfungas agus na ngiostaí atá mar shaintréith don cháis a áirithiú agus a spreagadh, nach mór go dtiocfaidís ón áitreabh aibithe agus nár cheart a chur leis an mbainne cibé na cúinsí. Ligeann an craiceann a dhéantar le linn an chéim deataithe do Mhúscán Gorm dul tríd an gcáis go mall agus bláthú, b'fhéidir, sa chuid den cháis is gaire don chraiceann, chun na stríocaí scothghorma glasa timpeall na n-imeall atá mar shaintréith aici a thabhairt don cháis.

Míniú: cuimsíonn na hathruithe beartaithe ar an tuairisc ar an bpróiseas aibithe an íostréimhse aibithe atá leagtha amach leis an leagan reatha den tsonraíocht táirge – **2 mhí ón dáta ar a dhéantar na gruthanna** – a choinneáil agus í a shíneadh ag 30 lá breise le haghaidh na gcáiseanna ag a bhfuil meáchan níos mó ná 7 kg mar a thugtar isteach le ceann eile de na leasuithe san iarratas seo. Tá an téacs le hathstruchtúrú freisin chun go mbeadh sé níos soiléire go dtosaíonn aibiú nuair a dhéantar na gruthanna agus go gcuimsíonn sé an **chéim deataithe** agus an **t-am a chaitear san uaimh**.

Sa tuairisc ar an bpróiseas um aibiú san uaimh, tá coigeartuithe le déanamh ar an meánteocht choibhneasta agus na coinníollacha teochta a theastaíonn laistigh d'uaimheanna le linn an phróiseas aibithe, chomh maith leis an íostréimhse nach mór do na cáiseanna a chaitheamh laistigh den uaimh. Chun tacú leis an leasú sin, tá staidéar inar breathnaíodh ar na coinníollacha teochta agus bogthaise i naoi n-uaimh mar iarscríbhinn leis seo (7.1 *Estudio justificativo Condiciones Ambientales Cuevas Maduración* [Dálaí comhshaoil in uaimh aibithe – Staidéar tacaíochta]). Is é is cuspóir leis an leasú seo an tuairisc a thabhairt suas chun dáta ar na coinníollacha meitéareolaíocha sna huaimheanna, a raibh tionchar ag an athrú aeráide céanna a tharla ar fud na hEorpa orthu. Leis na rialacha nua a bheartaítear áirithítear fós dálaí maithe um aibiú cáiseanna, gan saintréithe fíor-riachtanacha an táirge a athrú ar aon bhealach.

Bibleagrafaíocht

— *Condiciones Ambientales en cuevas de maduración para queso Gamonedo* [Dálaí comhshaoil sna huaimheanna um aibiú cáise i Gamonedo], staidéar ag Saotharlann Bainne agus Agraibhia Idir Thionscail Asturias (Meitheamh 2018)

— Taboada, F. G., Álvarez, R. A., Gutiérrez, N. R., Ibáñez, P. O., an Oifig um Inbhuanaitheacht, Athrú Aeráide agus Rannpháirtíocht i Rialtas Phobal Féinrialaitheach Asturias (2011). *Análisis de escenarios de cambio climático en Asturias* [Anailís ar chásanna an athraithe aeráide in Asturias]

— *Plan forestal de la Comarca de Cangas de Onís* [Plean foraoiseachta um limistéar bardasach Cangas de Onís] (2010), Rialtas Phobal Rialaitheach Asturias, Aireacht Gnóthaí Tuaithe agus Iascaigh

— Athrú aeráide le feiceáil go soiléir ar fud na hEorpa, rud a dhearbhaíonn go bhfuil géarghá le hoiriúnú, An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach: https://www.eea.europa.eu/media/newsreleases/climate-change-evident-across-europe

— Spotts, R. A., & Cervantes, L. A. (1986). "Daonraí, pataigineacht pathogenicity, agus frithsheasmhacht *Botrytis spp. in aghaidh beinimile, Penicillium spp.*, agus *Mucor piriformis* i dtithe pacála". Galair plandaí (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

— Marin, S., Sanchis, V., Saenz, R., Ramos, A. J., Vinas, I., & Magan, N. (1998). "Cinntithigh éiceolaíocha um phéacadh agus fhás roinnt *Aspergillus* agus *Penicillium spp*. ó mhin arbhair Indiaigh. Iris na Micribitheolaíochta Feidhmí, 84(1), 25-36.

— Fernández Bodega, M. Á. (2011). *Aislamiento y caracterización de cepas de Penicillium roqueforti a partir de distintas variedades de queso azul. Análisis de la actividad proteolítica y eliminación de la producción de micotoxinas* [Leithlisiú agus saintréithriú *Tréithchineálacha Penicillium roqueforti* ó chineálacha difriúla cáise goirme – Anailís ar ghníomhaíocht phróitéalaíoch agus táirgeadh míceatocsaíní a chosc]

— Sopeña Pérez, F. (1978). *El queso de Aliva: una elaboración artesana* [Cáis Aliva – Táirgeadh ceardaí]

5.5.9. An téarma traidisiúnta *del Puerto*

An 17ú go 21ú mhír:

'Gamoneu' del Puerto / 'Gamonedo' del Puerto [den bhearnas]: déanta i gcríoch ardchríche na gceantar bardasach Cangas de Onís agus Onís ina bhfuil na machairí agus féarthailte a leanas suite feadh bearnais sa raon Pico de Europa:

Cangas de Onís: Orandi, Las Mestas, Huesera, Uberdón, Teón, Gumartini, Fana, Comeya, Enol, La Cueva, Ercina, Las Reblagas, Ceña, Tolleyu agus Rondiella.

Onís: Soñin, Belbín, Parres, Arnaedo, Camplengo, Las Bobias, Las Fuentes, Vega Maor agus Ario.

Ní mór an bainne a úsáidtear chun an cháis sin a dhéanamh a fháil ó thréada agus ealtaí a bhíonn ag innilt ar na féarthailte a liostaítear thuas, agus ní mór meascán an dá nó na dtrí chineál bainne uile a cheadaítear – i.e. bainne bó, caorach agus gabhair – a úsáid, agus ní mór a áirithiú i gcónaí go mbíonn bainne caorach agus/nó gabhair níos mó ná 10 % den mheascán.

Déantar na cáiseanna sin ar bhonn séasúrach, ó mhí an Mheitheamh go mí Mheán Fómhair, ag saoráidí tiomnaithe cáiseoireachta mionscála suite feadh na mbearnas sin laistigh de Pháirc Náisiúnta Picos de Europa.

a leasú ionas go léifear mar a leanas é:

Del Puerto [den bhearnas]: **cáiseanna déanta ag saoráidí tiomnaithe cáiseoireachta mionscála** *suite i gcríoch ardchríche na gceantar bardasach Cangas de Onís agus Onís ina bhfuil na machairí agus féarthailte a leanas suite feadh bearnais sa raon Pico de Europa:*

Cangas de Onís: Orandi, Las Mestas, Huesera, Uberdón, Teón, Gumartini, Fana, Comeya, Enol, La Cueva, Ercina, Las Reblagas, Ceñal, Tolleyu agus Rondiella.

Onís: Soñin, Belbín, Parres, Arnaedo, Camplengo, Las Bobias, Las Fuentes, Vega Maor agus Ario.

Ní mór an bainne a úsáidtear chun an cháis sin a dhéanamh a fháil ó thréada agus ealtaí a bhíonn ag innilt ar na féarthailte a liostaítear thuas, agus ní mór meascán an dá nó na dtrí chineál bainne uile a cheadaítear – i.e. bó, caorach agus gabhair, agus na ceanglais a leanas á n-urramú:

— ***nuair a úsáidtear bainne bó, ní fhéadfaidh sé a bheith comhdhéanta de níos mó ná 90 % den mheascán;***

— ***nuair a úsáidtear bainne caorach, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán;***

— ***nuair a úsáidtear bainne gabhair, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán.***

Déantar na cáiseanna sin ar bhonn séasúrach **ó dheireadh an earraigh go dtí tús an fhómhair, cé go mbíonn sé sin éagsúil ag brath ar dhálaí aimsire. Féadfaidh an bord rialála cinneadh a dhéanamh, áfach, an séasúr cáiseoireachta a ghiorrú nó a fhadú i mbliain faoi leith, ag cur dálaí aimsire san áireamh agus tar éis dul i gcomhairle le cáiseoirí a dhéanann an cineál sin.**

Míniú: is é is cúis leis an leasú sin go raibh foclaíocht an téacs mearbhlach. Bhí an cur chuige traidisiúnta i gcónaí an riail 10 % a chur i bhfeidhm nuair a úsáidtear na trí chineál bainne uile le chéile: an ceanglas 10 % curtha i bhfeidhm don mhéid bainne caorach agus gabhair curtha le chéile seachas ar leithligh, mar sin beidh an cion bainne caorach nó gabhair sa mheascán i gcónaí 5 % nó níos mó. Sonraítear san fhoclaíocht nua cion íosta agus cion uasta le haghaidh na bainní ó na speicis éagsúla, chun dearbhú a thabhairt maidir leis an bpróiseas táirgthe agus saintréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha agus ceimiceacha an táirge deiridh a ráthú gan aon débhríocht.

Athrú eile a measadh go raibh gá leis ná an ráiteas maidir le táirgeadh a bheith séasúrach a cháiliú, ós rud é gur féidir go gcaithfí, mar gheall ar dhálaí aimsire, tús a chur le táirgeadh níos luaithe ná mí an Mheithimh nó go leanfaí leis níos faide siar ná mí Mheán Fómhair. Níl bhaineann séasúracht leis an mí iarbhír, ach le staid na n-acmhainní nádúrtha atá le fáil ar mhachairí agus féarthailte.

Bibleagrafaíocht

— Taboada, F. G., Álvarez, R. A., Gutiérrez, N. R., Ibáñez, P. O., an Oifig um Inbhuanaitheacht, Athrú Aeráide agus Rannpháirtíocht i Rialtas Phobal Féinrialaitheach Asturias (2011). *Análisis de escenarios de cambio climático en Asturias* [Anailís ar chásanna an athraithe aeráide in Asturias]

5.5.10. *Roinnt*

Agus cuireadh mír dheiridh leis lena sonraítear conas a roinnfear an cháis:

Roinnt sa limistéar cáiseoireachta

Féadfar an táirge ATFC a mhargú ina sciartha ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a fhionnadh. Chun an táirge a leasú agus a cháilíocht a choinneáil ar bun, ní mór an próiseas seo a dhéanamh amuigh sa limistéar cáiseoireachta ag gnólachtaí a ghlacann leis an bprótacal atá bunaithe agus a chloíonn leis. Áirithítear leis sin go mbíonn cáis ATFC 'Gamonéu' inrianaithe agus soláthraítear leis dearbhú maidir leis na próisis ábhartha.

Míniú: moladh an sliocht sin a chur isteach toisc, os rud é go bhfuil tomhaltóirí ag éileamh anois go mbeidh an táirge deimhnithe le fáil ar an margadh i sciartha, go bhfuil gá ann na rialacha maidir le formáid an chuir i láthair a shainmhíniú. Is iad mar a leanas na cúiseanna leis an éileamh go ndéantar roinnt sa limistéar cáiseoireachta:

— Nuair a roinntear cáis, bíonn ar a laghad dhá thaobh den sciar a thagann as nach mbíonn cumhdaithe a thuilleadh leis an gcraiceann agus ar féidir a bheith soghabhálach i leith athruithe orgánaileipteacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chuid eile den táirge. Tá gá ann dá bhrí sin sciartha a phacáistiú a luaithe is féidir i ndiaidh dóibh a ghearradh, i.e. ag an bhfoinse.

— Sa phróiseas roinnte, is féidir na marcálacha lena ndéantar tionscnamh agus barántúlacht na cáise a ráthú a bhaint nó iad a dhéanamh infheicthe.

Ní bhaineann aon athrú leis an gcur isteach seo ar shaintréithe fíor-riachtanacha agus barántúlacht an táirge ag a bhfuil ATFC. Is é an rún a áirithiú chomh luath agus atá cáis déanta, nach ndéanfar a barántúlacht a lagú ag láimhseáil ina dhiaidh (roinnt), rud a chiallaíonn nach mór roinnt agus pacáistiú a dhéanamh ag an bhfoinse.

5.6. ***Roinn G) COMHLACHT RIALAITHE***

An téacs seo a leanas:

Ainm: Consejo Regulador de la D.O.P. 'Gamonéu' o 'Gamonedo' [Bord Rialála ATFC 'Gamoneu'/'Gamonedo']

Seoladh: La Plaza, s/n – E-33560 Benia – Onís (Asturias)

Teileafón: (+34) 985 84 40 05

Facs: (+34) 985 84 42 30

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Is é an t-údarás inniúil le haghaidh rialaithe an Ard-Stiúrthóireacht de chuid Rialtas Asturias a bhfuil gnóthaí agraibhia mar chuid dá sainchúram.

Féadfar rialú a tharmligean d'eintiteas a ghníomhaíonn mar chomhlacht deimhniúcháin táirge agus atá creidiúnaithe faoi Chaighdeán UNE-EN ISO/IEC 17065, nó aon chaighdeán a bhféadfar a chur in ionad sin amach anseo.

Míniú: leis an athrú sin, nuashonraítear an téacs chun an t-údarás atá freagrach as comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a shainaithint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí agus Airteagal 36 den Ghníomh maidir le Cáilíocht Bia, Scéimeanna Cáilíochta agus Díol Díreach Táirgí Bia (Gníomh 2/2019 de Phobal Féinrialaitheach Asturias, an 1 Márta 2019).

5.7. ***Roinn H) LIPÉADÚ***

5.7.1. *Aitheantas*

An téacs seo a leanas:

Ní mór cáiseanna ATFC 'Gamoneu'/'Gamonedo' atá beartaithe do mhargadh an tomhaltóra a shainaithint le lipéad uimhrithe nó lipéad deimhniúcháin arna fhormheas, arna rialú agus arna sholáthar ag an mbord rialála i gcomhréir leis na rialacha atá le fáil sa Lámhleabhar Cáilíochta.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór cáiseanna ATFC 'Gamonéu' atá beartaithe do mhargadh an tomhaltóra **marcálacha a bheith acu ar an gcraiceann agus** *agus ní mór iad a shainaithint le lógó an táirge ATFC féin agus lipéad deimhniúcháin uimhrithe i gcomhréir leis na rialacha* **arna leagan síos ag an gcomhlacht bainistíochta, atá freagrach freisin as na lipéid deimhniúcháin uimhrithe a rialú agus a sholáthar**.

Míniú: is é is cuspóir d'athstruchtúrú na habairte sin í a dhéanamh níos éasca le tuiscint. Sonraítear inti anois freisin gurb é an comhlacht bainistíochta atá freagrach as rialacha maidir le sainaithint an táirge a bhunú agus as an marcáil chomhréireachta (lipéid deimhniúcháin) a sheiceáil agus a eisiúint.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht le Roinn D den tsonraíocht táirge, cuireadh leis tagairt don táirge a bheith sainaitheanta le lógó an táirge ATFC féin. (*Ní mór don Chomhlacht Rialúcháin maoirsiú agus cosaint a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le táirgí a shainaithint agus a dtionscnamh a dheimhniú.*) Ní mór lipéad deimhniúcháin agus lógó an táirge ATFC féin a thaispeáint ar na táirgí uile.

5.7.2. *An táirge a ainmniú*

Chomh maith leis an bhfaisnéis uile a éilítear leis an reachtaíocht is infheidhme, ní mór príomhlipéid agus lipéid deimhniúcháin cháiseanna ATFC 'Denominación de Origen Protegida [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] – 'Gamoneu'/'Gamonedo" a shonrú, leis an téarma traidisiúnta ábhartha, 'del Valle' nó 'del Puerto'.

Ní mór an lógó formheasta ag an mbord rialála (a thaispeántar thíos) a thaispeáint ar an lipéadú a úsáideann na hoibreoirí uile.

leasaíodh é ionas go léifear mar a leanas é:

Ní mór an méid seo a leanas a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid cháiseanna ATFC:

— *na focail 'Denominación de Origen Protegida' [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] 'Gamonéu'";*

— *an téarma traidisiúnta "del Puerto" i gcás inarb infheidhme.*

Míniú: is iad seo athruithe atá molta ar na ceanglais lipéadaithe a bhaineann le húsáid téarmaí traidisiúnta. Ní athraítear leis an athrú sin saintréithe an táirge ach seachas sin soiléirítear leis an bealach nach mór ATFC agus an téarma traidisiúnta a úsáid ar lipéid.

5.8. ***Scriosadh na dtagairtí don reachtaíocht náisiúnta***

Roinn I) Scriosadh reachtaíocht náisiúnta.

Déanann an scriosadh sin difear don liosta doiciméad seo a leanas:

— Gníomh maidir le fíonghoirt agus fíon (Gníomh 24/2003 an 10 Iúil 2003)

— Reacht maidir le Fíniúin, Fíon agus Alcól (Gníomh 25/1970, an 2 Nollaig 1970)

— Rialacháin Chur Chun Feidhme le haghaidh Dlí 25/1970 (Foraithne 835/1972 an 23 Márta 1972)

— Ordú an 25 Eanáir 1994 lena sonraítear an comhionannas idir reachtaíocht na Spáinne agus Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle maidir le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

— Foraithne Ríoga 1643/1999, an 22 Deireadh Fómhair 1999 lena mbunaítear an nós imeachta próiseála maidir le hiarratais ar liostú ar chlár an Chomphobail de ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus de thásca geografacha faoi chosaint

— Foraithne Ríoga 1679/1994, an 22 Iúil 1994 (arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Stáit an 24 Meán Fómhair 1994) lena leagtar síos na ceanglais maidir le sláinte agus sláinteachas le haghaidh bainne amh, bainne teaschóireáilte agus táirgí bainnebhunaithe a tháirgeadh agus a chur ar an margadh

— Foraithne Ríoga 402/1996, an 1 Márta 1996 (arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Stáit an 8 Aibreán 1996) lena leasaítear Foraithne Ríoga 1679/1994 an 22 Iúil 1994 lena leagtar síos na ceanglais maidir le sláinte agus sláinteachas le haghaidh bainne amh, bainne teaschóireáilte agus táirgí bainnebhunaithe a tháirgeadh agus a chur ar an margadh

— Ordú an 8 Bealtaine 1987 (arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Stáit an 12 Bealtaine 1987) lena leasaítear an tOrdú an 29 Samhain 1985 lena bhformheastar na caighdeáin cháilíochta maidir le cáis agus cáis phróiseáilte beartaithe le haghaidh an mhargaidh baile

— Ordú an 20 Bealtaine 1994 (arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Stáit an 26 Bealtaine 1994) lena leasaítear an tOrdú an 29 Samhain 1985 lena bhformheastar na caighdeáin cháilíochta maidir le cáis agus cáis phróiseáilte beartaithe le haghaidh an mhargaidh baile

Míniú: moltar go scriosfar Roinn I den tsonraíocht táirge i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, agus mar gheall ar aisghairm na ndoiciméad dá dtagraítear.

5.9. ***Oiriúnú den achoimre fhoilsithe (IO C 236, 9.10.2007, lch. 13) den doiciméad aonair***

Léirítear leis an tábla thíos conas a chomhfhreagraíonn na codanna éagsúla den achoimre fhoilsithe do doiciméad aonair arna dtarraingt suas agus an teimpléad d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 668/2014, in éineacht le tuairisc agus míniú ar na hathruithe a rinneadh don téacs achomair agus é a chur in oiriúint don doiciméad aonair'.

ACHOIMRE	DOICIMÉAD AONAIR
Pointe 1. Roinn freagrach sa Bhallstát Scriosadh an pointe sin, mar ní cuid den doiciméad aonair faoi Iarscríbhinn I é.	
Pointe 2. Grúpa iarratasóra Scriosadh an pointe sin, mar níl sé mar pháirt den doiciméad aonair faoi Iarscríbhinn I.	
	Cuireadh an méid a leanas isteach mar phointe 2: **Pointe 2. Ballstát nó tríú tír:** An Spáinn

Pointe 3. An cineál táirge	**Pointe 3.1. Cineál táirge** – Níor athraíodh an aicme faoi Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 668/2014, agus baineann sé fós le hAicme 1.3. (Cáiseanna).
Pointe 4.1. Ainm	**Pointe 1. Ainm(neacha) [ATFC nó TGFC]** – cuireadh aiceann leis an litir 'e', mar sin, is mar 'Gamonéu' a léitear an t-ainm anois. Scriosadh an leagan Spáinnise 'Gamonedo' toisc go bhfuil sé imithe i léig.
Pointe 4.2. Tuairisc	**Pointe 3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)** – cuireadh na leasuithe a cuireadh i láthair san iarratas seo (cineálacha bainne, pórtha agus saintréithe fisiceacha) i bhfeidhm ar an tuairisc ar an táirge ó phointe 4.2 an achomair. Scriosadh an mhír deiridh maidir le húsáid an téarma traidisiúnta 'Gamoneu' del Valle / 'Gamonedo'. Féach an téacs thíos faoi (*1).
	Cuireadh an méid a leanas isteach mar phointe 3.3: **3.3. Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)** Féach an téacs thíos faoi (*2).
Pointe 4.3. Limistéar geografach	**Pointe 4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach** Níor athraíodh an téacs.
Pointe 4.4. Cruthúnas tionscnaimh Scriosadh an pointe sin, mar ní cuid den doiciméad aonair faoi Iarscríbhinn I é.	
Pointe 4.5. An modh táirgthe Scriosadh an pointe sin, mar ní cuid den doiciméad aonair faoi Iarscríbhinn I é.	
	Pointe 3.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe Cuireadh isteach an téacs atá thíos faoi (*3).
	Pointe 3.5. Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe Cuireadh isteach an téacs thíos faoi (*4).

Pointe 4.6. Nasc	**Pointe 5. Nasc leis an limistéar geografach** Tá an téacs fós mar an gcéanna ach amháin an t-athrú i litríocht an ainm ('Gamoneu' g o 'Gamonéu') agus scriosadh an leagan Spáinnise ('Gamonedo') agus scriosadh na bhfocal 'lena láithreacht forbraíonn an cháis an blás lena dtugtar a dath agus a blas saintréitheach'.
Pointe 4.7. Comhlacht rialaithe Scriosadh an pointe sin, mar ní cuid den doiciméad aonair faoi Iarscríbhinn I é.	
Pointe 4.8. Lipéadú	**Pointe 3.6. Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe** Cuireadh i bhfeidhm anseo na hathruithe ar an tsonraíocht táirge ar a dtugtar tuairisc san iarratas ar leasú, ag baint tagairtí don téarma traidisiúnta *del Valle*. Féach an téacs thíos faoi (*5).

***1) Téacs achoimre**

Tuairisc: Cáis le craiceann nádúrtha lánmhéathrais atá i gCáis 'Gamoneu'/'Gamonedo', aibithe agus deataithe go héadrom le blás beag *Múscáin Ghoirm* a bhfuil dath scothghorm-glas inti gar do na himill, déanta as bainne amh bó, caorach agus gabhair, nó as meascán an dá nó na dtrí chineál bainne sin uile.

Ní mór na saintréithe fisiceacha a leanas a bheith ag na cáiseanna:

— cruth rothair inar suntasach réidhe na n-aghaidheanna;

— idir 6 cm agus 15 cm ar airde;

— idir 10 cm agus 30 cm ar trastomhas;

— de mheáchan 0,5 kg to 7 kg.

Bíonn craiceann tanaí nádúrtha orthu a chruthaítear le linn deataithe, dath siaineach dóite le gealáin scothdhearga, ghlasa agus scothghorma, agus blás *Múscáin Ghoirm* gar don chraiceann.

Ní mór na saintréithe ceimiceacha a leanas a bheith ag an táirge:

— saill in ábhar tirim: 45 % ar a laghad;

— próitéin in ábhar tirim: 25 % ar a laghad;

— cion ábhair thirim: 55 % ar a laghad;

— pH: idir 4,5 agus 6,5.

Tá na saintréithe céadfacha seo a leanas ag an gcáis:

— Tá boladh glan, feanntach aici le rian deataithe, a éiríonn níos géire de réir mar a aibíonn an cháis. Tá na príomhbhlasanna measartha deatúil agus beagán géar, le blasanna ime ag teacht uirthi sa bhéal a fhágann iarbhlas de chollchnó ina diaidh.

— Bíonn an taos crua nó leathchrua, daingean agus grabhrógach (ag calógú go héasca nuair a ghearrtar í), agus breac go randamach le súile beaga.

— Taobh istigh, bíonn dath bán nó buíbhán ar an gcáis, agus blás scothghorm glas *Múscáin Ghoirm* gar do na himill. Gné shainiúil is ea é an dath seachtrach: tugtar fordhath siaineach dóite dó leis an bpróiseas deataithe, agus mar gheall ar an méid ama ina dhiaidh sin caite san uaimh nó sa siléar cruthaítear fungais a chuireann gealáin scothdhearga, scothghlasa agus scothghorma leis.

— Tá oscailtí meicniúla i gcorp na cáise.

Ceadaítear na téarmaí traidisiúnta a leanas:

— ‘Gamoneu’ del Puerto / ‘Gamonedo’ del Puerto [den bhearnas] a dhéantar idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair ag saoráidí cáiseoireachta mionscála suite i gcríoch ardchríche na gceantar bardasach Cangas de Onís agus Onís, ar na machairí agus féarthailte a liostaítear sa tsonraíocht táirge. Ní mór an cháis sin a dhéanamh ag úsáid bainne a fhaightear ó thréada agus ealtaí a bhíonn ag innilt ar na féarthailte atá liostaithe don chineál sin, agus ní mór meascán an dá nó na dtrí chineál bainne uile a cheadaítear – i.e. bó, caorach agus gabhair – a úsáid, ag déanamh cinnte de i gcónaí go mbíonn bainne caorach agus/nó gabhair níos mó ná 10 % den mheascán.

— ‘Gamoneu’ del Valle / ‘Gamonedo’ del Valle [den ghleann]: déanta in ísealchríocha an limistéir gheografaigh shainithe, a thagann laistigh de na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís. Ní dhéanann séasúracht difear don táirgeadh toisc go dtógtar an beostoc go leath-fhairsing, agus córas á úsáid ina dhírítear go mór ar innilt.

Téacs an doiciméid aonair (leasuithe curtha i dtábhacht)

Cáis le craiceann nádúrtha lánmhéathrais aibithe is ea í cáis ‘Gamonéu’ déanta as bainne amh bó, caorach nó gabhair, nó as meascán an dá nó na dtrí chineál bainne sin uile.

Ní mór na saintréithe fisiceacha a leanas a bheith ag na cáiseanna:

— cruth rothair inar suntasach réidhe na n-aghaidheanna;

— idir 6 cm agus 18 cm ar airde;

— idir 10 cm agus 35 cm ar trastomhas;

— de mheáchan idir 0,5 kg agus 10 kg.

Ní mór na saintréithe ceimiceacha a leanas a bheith ag an táirge:

— saill in ábhar tirim: 45 % ar a laghad;

— próitéin in ábhar tirim: 25 % ar a laghad;

— cion ábhair thirim: 55 % ar a laghad;

— pH: idir 4,5 agus 6,5.

Tá na saintréithe céadfacha seo a leanas ag an gcáis:

— Tá boladh glan, feanntach aici le rian deataithe, a éiríonn níos géire de réir mar a aibíonn an cháis.

— Tá na príomhbhlasanna measartha deatúil agus beagán géar, le blasanna ime ag teacht uirthi sa bhéal a fhágann iarbhlas de chnónna, b’fhéidir de chollchnónna ina diaidh.

— Bíonn an taos crua nó leathchrua, daingean agus grabhrógach (ag calógú go héasca nuair a ghearrtar í), agus breac go randamach le súile beaga.

— Taobh istigh, tá dath bán nó buíbhán ar an gcais, is féidir le blás beagán scothghorm glas *Múscáin Ghoirm* gar do na himill. Gné shainiúil is ea é an dath seachtrach: tugtar fordhath siaineach dóite dó leis an bpróiseas deataithe, agus mar gheall ar an méid ama ina dhiaidh sin caite san uaimh cruthaítear fungais lenar féidir gealáin scothdhearga, scothghlasa agus scothghorma a chur leis.

Ceadaítear na téarmaí traidisiúnta a leanas:

— ‘Gamonéu’ *del Puerto* [den bhearnas] a dhéantar le linn an tsamhraidh ag saoráidí cáiseoireachta mionscála suite i gcríoch ardchríche na gceantar bardasach Cangas de Onís agus Onís, ar na machairí agus féarthailte a liostaítear sa tsonraíocht táirge. Ní mór an cháis sin a dhéanamh ag úsáid bainne a fhaightear ó thréada agus ealtaí a bhíonn ag innilt ar na féarthailte a liostaítear don chineál sin, agus ní mór meascán an dá nó na dtrí chineál bainne uile a cheadaítear – i.e. bó, caorach agus gabhair – a úsáid, agus na ceanglais a leanasá n-urramú:

  — nuair a úsáidtear bainne bó, ní fhéadfaidh sé a bheith comhdhéanta de níos mó ná 90 % den mheascán;

  — nuair a úsáidtear bainne caorach, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán;

  — nuair a úsáidtear bainne gabhair, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán.

*** 2) Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)**

Beatha

Tá an aiste bia a thugtar don bheostoc bunaithe ar innilt ó cheann ceann na bliana, agus í forlíonta le foráiste dúchasach i bhfoirm féir a gearradh le déanaí agus féir thirim.

Cé nach mór aiste bia na n-ainmhithe a aimsiú sa limistéar geografach sainithe, ceadaítear forlíonadh le beatha ainmhí eile i gcás reachtaí fiseolaíocha áirithe – amhail lachtadh – nó nuair atá ganntanas foráiste dhúchasaigh ag gabháltas beostoic, mar gheall ar na dálaí aimsire de ghnáth. Chun a áirithiú nach ndéantar aon difear do nasc, níor cheart, in aon chás, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéar geografach sainithe 50 % d'ábhar tirim a shárú ar bhonn bliantúil

Amhábhair

Ní mór an cháis 'Gamonéu' a dhéanamh as bainne amh – bainne bó, caorach nó gabhair, nó meascán de dhá cheann nó trí cinn de na cineálacha sin – a tháirgeann beostoc a bheathaítear ar acmhainní nádúrtha an réigiúin i gcomhréir le traidisiúin shonracha atá nasctha le tosca geografacha agus socheolaíocha atá uathúil don limistéar áitiúil.

Ní mór cáis 'Gamonéu' a dhéanamh le bainne ó na speicis agus na pórtha seo a leanas:

— Bó: Frisona (Freaslannach), Asturiana de los Valles (Gleann Asturias), Asturiana de la Montaña (Sliabh Asturias), Parda (Donn), Parda de Montaña (Donn na Sléibhte), Fleckvieh, Geirsí agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Caora: Lacha (Lacho), Carranzana (Vasca Carranzana), Milchschaf (Freaslannach an Oirthir), Assaf agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Gabhar: Cabra Alpina (Alpach), Cabra Pirenaica (Piréineach), Murciano-Granadina (Murcia-Granada), Saanen, Malagueña (Málaga), Florida (Florida Sevillana), Cabra del Guadarrama (Guadarrama), Bermeya agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Thairis sin, ní mór go dtagann an bainne a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ó ghabháltais bheostoic údaraithe a liostaítear i gclár gabháltas an bhoird rialála, agus go bhfaightear é le húsáid cleachtais oiriúnacha feirmeoireachta agus bleáin.

***3) Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a bheith déanta sa limistéar geografach sainithe**

Déantar na próisis uile a bhaineann le 'Gamonéu' a dhéanamh – an bainne a tháirgeadh agus an cháis a dhéanamh (gruthú, gearradh an ghrutha, múnlú agus sailleadh), a aibiú agus a roinnt – sa limistéar geografach sainithe ina bhfuil na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís.

***4) Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe**

Roinnt sa limistéar cáiseoireachta:

Féadfar an táirge ATFC a mhargú ina sciartha ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a fhionnadh. Chun an táirge a leasú agus a cháilíocht a choinneáil ar bun, ní mór an próiseas seo a dhéanamh amuigh sa limistéar cáiseoireachta ag gnólachtaí a ghlacann leis an bprótacal atá bunaithe agus a chloíonn leis. Áirithítear leis sin go mbíonn cáis ATFC 'Gamonéu' inrianaithe agus soláthraítear leis dearbhú maidir leis na próisis ábhartha.

***5) Téacs achomair**

Ní mór cáiseanna ATFC 'Gamoneu'/'Gamonedo' atá beartaithe do mhargadh an tomhaltóra a shainaithint le lipéad uimhrithe nó lipéad deimhniúcháin arna fhormheas, arna rialú agus arna sholáthar ag an mbord rialála i gcomhréir leis na rialacha atá le fáil sa Lámhleabhar Cáilíochta. Chomh maith leis an bhfaisnéis uile a éilítear leis an reachtaíocht is infheidhme, ní mór príomhlipéid agus lipéid deimhniúcháin cháiseanna ATFC *'Denominación de Origen Protegida* [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] – "Gamoneu"/"Gamonedo"' a shonrú, leis an téarma traidisiúnta ábhartha, *del Valle* nó *del Puerto*.

Ní mór an lógó formheasta ag an mbord rialála (a thaispeántar thíos) a thaispeáint ar an lipéadú a úsáideann na hoibreoirí uile.

Téacs an doiciméid aonair (leasuithe curtha i dtábhacht)

Ní mór cáiseanna ATFC ‘Gamonéu’ atá beartaithe do mhargadh an tomhaltóra marcálacha a bheith acu ar an gcraiceann agus a shainaithint le lógó an táirge ATFC féin agus lipéad deimhniúcháin uimhrithe arna rialú agus arna sholáthar ag an mbord rialála.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid cháiseanna ATFC:

— na focail ‘*Denominación de Origen Protegida* [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] “Gamonéu”’;

— an téarma traidisiúnta *del Puerto* i gcás inarb infheidhme.

Lógó an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint

DOICIMÉAD AONAIR

‘GAMONÉU’

Uimh. AE: PDO-ES-0308-AM01 – 17.9.2021

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Gamonéu’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *An cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.3. – Cáiseanna

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cáis le craiceann nádúrtha lánmhéathrais aibithe is ea í cáis ‘Gamonéu’ déanta as bainne amh bó, caorach nó gabhair, nó as meascán an dá nó na dtrí chineál bainne sin uile.

Ní mór na saintréithe fisiceacha a leanas a bheith ag na cáiseanna:

— cruth rothair inar suntasach réidhe na n-aghaidheanna;

— idir 6 cm agus 18 cm ar airde;

— idir 10 cm agus 35 cm ar trastomhas;

— de mheáchan idir 0,5 kg agus 10 kg.

Ní mór na saintréithe ceimiceacha a leanas a bheith ag an táirge:

— saill in ábhar tirim: 45 % ar a laghad;

— próitéin in ábhar tirim: 25 % ar a laghad;

— cion ábhair thirim: 55 % ar a laghad;

— pH: idir 4,5 agus 6,5.

Ní mór na saintréithe céadfacha a leanas a bheith ag an táirge:

— Tá boladh glan, feanntach aici le rian deataithe, a éiríonn níos géire de réir mar a aibíonn an cháis.

— Tá na príomhbhlasanna measartha deatúil agus beagán géar, le blasanna ime ag teacht uirthi sa bhéal a fhágann iarbhlas de chnónna, b'fhéidir de chollchnónna ina diaidh.

— Bíonn an taos crua nó leathchrua, daingean agus grabhrógach, (ag calógú go héasca nuair a ghearrtar í), agus breac go randamach le súile beaga.

— Taobh istigh, tá dath bán nó buíbhán ar an gcáis, is féidir le blás beagán scothghorm glas *Múscáin Ghoirm* gar do na himill. Gné shainiúil is ea é an dath seachtrach: tugtar fordhath siaineach dóite dó leis an bpróiseas deataithe, agus mar gheall ar an méid ama ina dhiaidh sin caite san uaimh cruthaítear fungais lenar féidir gealáin scothdhearga, scothghlasa agus scothghorma a chur leis.

Ceadaítear an téarma traidisiúnta a leanas:

— *del Puerto* [den bhearnas] le haghaidh cáiseanna a dhéantar le linn an tsamhraidh ag saoráidí cáiseoireachta mionscála suite i gcríoch ardchríche na gceantar bardasach Cangas de Onís agus Onís, ar na machairí agus féarthailte a liostaítear sa tsonraíocht táirge. Ní mór an cháis sin a dhéanamh ag úsáid bainne a fhaightear ó thréada agus ealtaí a bhíonn ag innilt ar na féarthailte a liostaítear don chineál sin, agus ní mór meascán an dá nó na dtrí chineál bainne uile a cheadaítear a úsáid, agus na ceanglais a leanas á n-urramú:

  — nuair a úsáidtear bainne bó, ní fhéadfaidh sé a bheith comhdhéanta de níos mó ná 90 % den mheascán;

  — nuair a úsáidtear bainne caorach, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán;

  — nuair a úsáidtear bainne gabhair, ní mór 5 % ar a laghad a bheith sa mheascán.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

a) Beatha

Tá an aiste bia a thugtar don bheostoc bunaithe ar innilt ó cheann ceann na bliana, agus í forlíonta le foráiste dúchasach i bhfoirm féir a gearradh le déanaí agus féir thirim.

Cé nach mór aiste bia na n-ainmhithe a aimsiú sa limistéar geografach sainithe, ceadaítear forlíonadh le beatha ainmhí eile i gcás reachtaí fiseolaíocha áirithe – amhail lachtadh – nó nuair atá ganntanas foráiste dhúchasaigh ag gabháltas beostoic, mar gheall ar na dálaí aimsire de ghnáth. Chun a áirithiú nach ndéantar aon difear do nasc, níor cheart, in aon chás, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéar geografach sainithe 50 % d'ábhar tirim a shárú ar bhonn bliantúil.

b) Amhábhair

Ní mór an cháis 'Gamonéu' a dhéanamh as bainne amh – bainne bó, caorach nó gabhair, nó meascán de dhá cheann nó trí cinn de na cineálacha sin – a tháirgeann beostoc ó na speicis agus na pórtha seo a leanas:

— Bó: Frisona (Freaslannach), Asturiana de los Valles (Gleann Asturias), Asturiana de la Montaña (Sliabh Asturias), Parda (Donn), Parda de Montaña (Donn na Sléibhte), Fleckvieh, Geirsí agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Caora: Lacha (Lacho), Carranzana (Vasca Carranzana), Milchschaf (Freaslannach an Oirthir), Assaf agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Gabhar: Cabra Alpina (Alpach), Cabra Pirenaica (Piréineach), Murciano-Granadina (Murcia-Granada), Saanen, Malagueña (Málaga), Florida (Florida Sevillana), Cabra del Guadarrama (Guadarrama), Bermeya agus crosantaigh na bpórtha sin.

— Thairis sin, ní mór go dtagann an bainne a úsáidtear le haghaidh táirgeadh ó ghabháltais bheostoic údaraithe a liostaítear i gclár gabháltas an bhoird rialála, agus go bhfaightear é le húsáid cleachtais oiriúnacha feirmeoireachta agus bleáin.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Déantar na próisis uile a bhaineann le 'Gamonéu' a dhéanamh – an bainne a tháirgeadh agus an cháis a dhéanamh (gruthú, gearradh an ghrutha, múnlú agus sailleadh), a aibiú agus a roinnt – sa limistéar geografach sainithe ina bhfuil na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Roinnt sa limistéar cáiseoireachta:

Féadfar an táirge ATFC a mhargú ina sciartha ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a fhionnadh. Chun an táirge a leasú agus a cháilíocht a choinneáil ar bun, ní mór an próiseas seo a dhéanamh amuigh sa limistéar cáiseoireachta ag gnólachtaí a ghlacann leis an bprótacal atá bunaithe agus a chloíonn leis. Áirithítear leis sin go mbíonn cáis ATFC 'Gamonéu' inrianaithe agus soláthraítear leis dearbhú maidir leis na próisis ábhartha.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór cáiseanna ATFC 'Gamonéu' atá beartaithe do mhargadh an tomhaltóra marcálacha a bheith acu ar an gcraiceann agus a shainaithint le lógó an táirge ATFC féin agus lipéad deimhniúcháin uimhrithe arna rialú agus arna sholáthar ag an mBord Rialála.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid cháiseanna ATFC:

— na focail '*Denominación de Origen Protegida* [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] "Gamonéu"';

— an téarma traidisiúnta *del Puerto* i gcás inarb infheidhme.

Lógó an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear na ceantair bhardasacha Cangas de Onís agus Onís sa Phobal Féinrialaitheach Asturias sa limistéar geografach.

Tá na ceantair bhardasacha sin lonnaithe sa chuid oirthearach de Asturias.

Táirgtear an bainne agus déantar agus aibítear an cháis laistigh den limistéar geografach sainithe.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

An nasc staire

Tá cáis 'Gamonéu' nasctha le seantraidisiún an limistéir beostoic fairsing a chaomhnú. Is féidir a bunúis a rianú siar go dtí an 17ú céad ar a laghad, nuair a beathaíodh 'boicht an limistéir' léi, nuair de réir litir a scríobhadh chuig an Rí Pilib IV in 1641 faoin ábhar féaraigh innilte.

Tá roinnt tagairtí i ndoiciméid stairiúla eile (*Diccionario Geográfico* [Foclóir Geografach] ón 18ú céad ag Madoz) don cháis sin as a bheith ina gné lárnach d'aiste bia mhuintir na háite agus don limistéar ag speisialú i bhfeirmeoireacht beostoic, i gcás inar tógadh úinéirí ealta measctha caorach agus tréada bó agus gabhair ag a n-úinéirí, iad ag baint úsáid as na machairí ardchríche le haghaidh innilt samhraidh.

Mar gheall ar na himthosca sin agus toisc go raibh an limistéar scoite ó mhargaí, thosaigh na tréadaithe iad féin cáis a dhéanamh as an mbainne tamall fada ó shin.

Nasc nádúrtha

Cangas de Onís agus Onís, cuid mhór den Cornión cumhdaithe acu, an mhasaíf iarthar de Picos de Europa. Is í an ghné is suntasaí an tsliabhraoin sin an topagrafaíocht thobann atá aige, le hairdí idir 80 méadar os cionn leibhéal na mara sa stráice lárnach d'abhainn Sella agus 2 648 méadar os cionn leibhéal na mara ag an mbinn Torre Cerredo. Is saintréith den tír-raon ardchríche sin aolchloch is coitianta, fánaí crochta agus foirmíochtaí geomoirfeolaíochta atá mar chéimeanna as a dtagann dhá thimpeallacht faoi leith: ceann amháin acu sna gleannta agus an ceann eile sna bearnais.

Tá féarthailte fairsinge den chuid is mó cothroma i réim sna gleannta agus gabháltais bheaga nasctha le lonnaíochtaí don duine. Is í seo an áit ina bhfuil na príomhionaid daonra suite. Soláthraítear beatha an bheostoic don gheimhreadh leis na mánna féir, ar féidir iad a úsáid chomh maith chun aon ainmhithe a choinneáil ar féidir iad a choinneáil taobh amuigh sa gheimhreadh ar feadh cuid den am.

Is saintréith den tír-raon is airde, thuas sna bearnais, éadain charraige ingearacha, agus tírdhreach carst, le hanchuid slogaidí, gáibéil, uaimheanna, foirmíochtaí lapiés agus poill dhoimhne. Baintear úsáid as machairí an-chothaitheacha féaraigh, fite fuaite idir na foirmíochtaí creagacha sin, chun beostoc a choinneáil taobh amuigh sa samhradh ón earrach go dtí an chéad sneachta san fhómhar. Gnéithe tírdhreacha eile a mbíonn ról acu maidir le beostoc a thógáil ná taobhanna cnoc, creaga agus pócaí féarthalaimh ardcháilíochta neadaithe idir creaga – ar a dtugtar *xerros* go háitiúil.

Tá aeráid mhuirí ag an réigiún, agus flúirse na báistí ar feadh na bliana, solas gréine measartha agus cumhdach néil shuntasaigh. Bíonn frasaíocht idir 2 000 mm sna limistéir is airde, cuid de i bhfoirm sneachta, agus 1 200 mm níos sia síos. Is minic freisin go mbíonn ceo tiubh sna hardchríocha le linn an tsamhraidh.

Bíonn teochtaí éadrom ó cheann ceann na bliana sna gleannta, ina mbíonn siad 12 °C ar an meán agus i limistéar ardchríche, áit a mbíonn siad 3 C ar an meán.

Bíonn tionchar ceannasach ar ithreacha an réigiúin ag aolchloch agus carraigeacha grianchloichíte – stálaithe le creimeadh, aimsir agus plandaí sna gleannta.

Tugann an aeráid, topagrafaíocht agus geolaíocht tacar de shaintréithe uathúla don limistéar sin ag a mbíonn tionchar díreach ar chineál agus cáilíocht an fhéaraigh. Tá a fhéarthailte an-oiriúnach d'innilt eallaigh, caorach agus gabhair, a tháirgeann bainne ina dhiaidh sin as a ndéanfar cáis 'Gamonéu'. Is é an planda is coitianta a fhaightear ar na féarthailte ná *Festuca burnatii*, féar ilbhliantúil dúchasach do limistéar Cantabria a fhásann i dtalamh féaraigh ar mhullach an tsléibhe. Sna loig agus sna spásanna a cruthaíodh le heangphointí fána, áit a luíonn an sneachta go dtí deireadh an earraigh, tá beiteán ann (*Nardus stricta*), a féar crua ar féidir a bheith faoi bhláth i roinnt mhaith timpeallachtaí éagsula, chomh maith le speicis d'fhéar eile (*Phleum alpinum*, *Festuca iberica*, *Festuca picoeuropeana*) agus léagúm (*Trifolium thalii* Vill.).

Faigheann an cháis cuid dá gnéithe suntasacha ó na próisis deataithe agus aibithe, ní bhaineann an ceann deireanach ach leis na fungais agus an giosta a fhaightear go nádúrtha sa chomhshaol *affinage*, go háirithe *Múscán gorm*.

An nasc daonna

Toisc go raibh an limistéar seo, a tugadh páirc 'Montaña de Covadonga' ag an am sin, an chéad cheann sa Spáinn a dearbhaíodh mar pháirc náisiúnta siar in 1918 – ceannródaí náisiúnta i réimse cosanta comhshaoil – soiléirítear gur éiceachóras é seo ag a bhfuil saintréithe comhshaoil uathúla.

Aithnítear go huilíoch go bhfuil ról cinntitheach ag tréadaithe na sléibhte seo maidir leis an gcomhshaol áitiúil a chruthú agus a chosaint. Tháinig cáis 'Gamonéu' ar an bhfód de thoradh na gcleachtas traidisiúnta a bhaineann le maireachtáil ar an talamh, os rud é go raibh an cháiseoireacht an t-aon rogha a bhí inmharthana ó thaobh an gheilleagair de chun lántairbhe a bhaint as acmhainní beostoic an réigiúin.

Forbraíodh na modhanna agus na dálaí a thuairiscítear sa roinn maidir leis an modh táirgthe as mian chun na traidisiúin ársa a oiriúnú don domhan nua-aimseartha gan ghéilleadh ar bhealach as a bhféadfadh caillteanas aitheantais an táirge agus an dóigh bheatha a d'eascair as a bheith mar thoradh air.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.asturias.es/documents/217090/555882/Queso+Gamoneu.+Pliego+de+condiciones+sin+control+de+cambios.pdf/4802241a-a982-144c-5ca3-4596354f3e71?t=1648806575216